# Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí

## PLEAN SEIRBHÍSE

2019

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union
EUROPEAN UNION
Investing in your future
European Social Fund
Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# *Oideachas agus Oiliúint a Sholáthar Deiseanna ar Fud an Chontae*




BORD OIDEACHAIS
AGUS OILIÚNA CHIARRAÍ

KERRY EDUCATION
AND TRAINING BOARD

# Clár na nÁbhar

*Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach* 2

*Cúlra* 4

*Misean agus Bunluachanna BOO Chiarraí* 5

*Limistéir agus Láithreacha Geografacha* 6

*Eolas staitistiúil maidir le Ciarraí* 8

*Ráiteas ar Sheirbhísí Stiúrthóir na Scoileanna, na hÓige agus an Cheoil* 16

*Ráiteas ar Sheirbhísí – Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna* 24

*Ráiteas ar Sheirbhísí*
*An Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta (OS&D)* 40

*Gluais* 54

*Leithdháileadh Buiséid & Caiteachas Réamh-mheasta* 55

BORD OIDEACHAIS
AGUS OILIÚNA CHIARRAÍ

KERRY EDUCATION
AND TRAINING BOARD

*Foireann:*

*os cionn* **1,100**

---

*Buiséad Bliantúil:*

*os cionn* **€52 milliún**

---

*Mic léinn lánaimseartha:*

**4,009**

---

*Mic léinn breisoideachais agus oiliúna:*

c **11,500**

---

*Ionad BOO Chiarraí:*

**36**

---

*Scoileanna Comhpháirtíochta:*

**4**

---

*Cuireadh cláir for-rochtana ar fáil in*

*os cionn* **100 ionad**

# Boird Oideachais & Oiliúna

Is údaráis reachtúla iad na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) ar a bhfuil freagracht orthu ó thaobh oideachas agus oiliúint, obair don aos óg agus raon feidhmeanna reachtúla eile. Déanann na BOOnna bainistíocht agus feidhmiú ar iar-bhunscoileanna, coláistí breisoideachais, scoileanna náisiúnta ilchreidmheacha agus raon ionad oideachais aosach agus breisoideachas a chuireann cláir oideachais agus oiliúna ar fáil. Leagtar amach san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, feidhmeanna ginearálta BOO.

## Struchtúr Geografach

Tá sé cinn déag de BOOnna ar fud na tíre atá leagtha amach mar seo a leanas;




## Oideachas Leibhéil Bunscoile

Tá na BOOnna mar phátrúin ainmnithe ar líon pobalscoileanna náisiúnta (CNS). Tá na scoileanna seo, atá bunaithe sna pobail áitiúla, leanbhlárnach, cuimsitheach, ilchreidmheach, faoi thacaíocht Stát a dhéanann iarracht bunoideachas ardchaighdeáin a chur ar fáil do gach leanbh ag teacht le Curaclam na Bunscoile agus na dtreoirlínte atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (DoES).

## Oideachas Iar-Bhunleibhéil

Déanann na BOOnna bainistíocht ar aon trian de na scoileanna iar-bhunleibhéil sa tír – oideachas do níos mó ná 100,000 mac léinn. Feidhmíonn siad beartais rollaithe cuimsitheacha agus freastalaíonn siad ar líon suntasach mic léinn a bhfuil riachtanais speisialta acu.

## Breisoideachas agus Oiliúint

Cuireann na BOOnna breisoideachas agus oiliúint ar fáil do níos mó ná 200,000 duine fásta agus duine óg ar bhonn bliantúil. Cuirtear seirbhísí ar fáil trí chláir éagsúla chun freastal ar réimse éagsúil riachtanais, lena n-áirítear, Litearthacht agus Uimhearthacht, Oiliúint Scileanna, Printíseachtaí, Ógtheagmháil, an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI), srl.

## Seirbhísí Óige

Déanann na Seirbhísí Óige raon cláir do dhaoine óga a sheachadadh agus tugann tacaíocht dóibh.

## Tacaíochtaí Eile

Comhoibríonn na BOOnna freisin le gníomhaireachtaí, grúpaí, coláistí agus grúpaí pobail eile chun seachadadh a dhéanamh ar chláir éagsúla a fhreastalaíonn ar riachtanais éagsúla grúpa cliant i bpobail áitiúla.

## ETBI (Boird na hÉireann um Oiliúint agus Oideachas)

Is iad na ETBInna an comhlacht ionadaíochta náisiúnta do BOOnna ar comhaltaí iad agus déanann idirbheartaíocht thar ceann na hearnála BOO ag fóraim éagsúla laistigh den earnáil oideachais, don tseirbhís phoiblí níos leithne agus ag leibhéal AE.

# *Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach*

Tá lúcháir orm fáilte a chur romhat chuig Plean Seirbhíse Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (BOO Chiarraí) don bhliain 2019. Rinneadh an Plean Forbartha seo a fhorbairt de réir riachtanais reachtúla mar a leagtar amach in Alt 47 den Acht um Bord Oideachais agus Oiliúna 2013. Sonraítear in Alt 47(1):

> *Ullmhóidh príomhfheidhmeannach boird oideachais agus oiliúna, ar bhonn na teorann sealadaí le caiteachas arna cur in iúl le fógra don bhord faoi alt 46(1) (a), laistigh d'aon mhí amháin tar éis an fhógra sin a fháil, agus cuirfear faoi bhráid an bhoird, plean ina leagfar amach —*
> *(a) na seirbhísí atá beartaithe ag an mbord a sholáthar,*
> *(b) meastachán ar ioncam agus ar chaiteachas an bhoird*

Tugtar mionsonraí sa phlean seirbhíse seo ar na gníomhaíochtaí, ar an gcaiteachas agus ar an ioncam atá beartaithe do BOO Chiarraí sa bhliain 2019. Eagraítear na seirbhísí oideachais agus oiliúna a chuireann an BOO ar fáil timpeall ar trí philéar, (1) Scoileanna, an Óige agus Ceol (2) Breisoideachas agus Oiliúint (FET) agus (3) Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (OS&D).

Déanfar na seirbhísí oideachais agus oiliúna beartaithe a chuirfidh BOO Chiarraí ar fáil don bhliain 2019 de réir na dteorainneacha maoinithe a chomhairlíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna agus SOLAS don BOO. Leagtar amach sa litir chinnidh don bhliain 2019 do BOO Chiarraí a fuarthas ón Roinn Oideachais agus Scileanna, teorainn mhaoinithe de €1,531,251 le sprioc ioncaim/fáltais de €175,000.

Sa bhliain 2018, rinne BOO Chiarraí Comhaontú Straitéiseach Feidhmíochta (SPA) le SOLAS (2018 go 2022). Leagtar amach san SPA seo tosaíochtaí straitéiseacha BOO FET Chiarraí don tréimhse seo. Sa bhliain 2019 leanfar ag obair le SOLAS chun na tosaíochtaí seo a chur i bhfeidhm. Is €26,770,000 don bhliain an leithdháileadh maoinithe tosaigh do BOO Chiarraí mar a fuarthas ó SOLAS.

Cuireann Plean Straitéiseach BOO Chiarraí 2018 – 2022 creat foriomlán ar fáil maidir le forbairt straitéiseach BOO. Beidh naoi gcinn de spriocanna straitéiseacha mar a leagtar amach sa Phlean Straitéiseach agus sa chód cleachtais nua do Bhoird Oideachais agus Oiliúna a Rialú (Ciorclán



0002/2019) mar bhonn taca le hobair an BOO sa bhliain 2019.

Leagan na Stiúrthóirí amach mórchuid mionsonraí i dtéarmaí pleananna do sheachadadh oideachais agus oiliúna sa bhliain 2019 ar fud na trí philéir sna codanna seo a leanas den Phlean Seirbhíse.

Le linn na bliana 2019, reáchtálfar deich gcruinniú de Bhord BOO Chiarraí. Bunófar Bord nua BOO tar éis na toghcháin áitiúla a thabhairt chun críche an 24 Bealtaine 2019. Chomh maith leis sin, tiocfaidh Coistí Iniúchóireachta agus Riosca agus Airgeadais le chéile de réir riachtanais reachtúla.

Coinneofar faoi athbhreithniú ar bhonn míosúil, feidhmiú Plean Seirbhíse 2019, beidh athbhreithniú lár bliana ar siúl freisin agus foilseofar Tuarascáil Bhliantúil 2018 de réir Alt 28 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013, m.sh. faoin 30 Meitheamh 2019.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh le comhaltaí an Bhoird, leis na Stiúrthóirí agus leis an fhoireann go léir a bhí páirteach i bpleanáil agus i seachadadh ár seirbhísí don bhliain 2019 agus táim ag tnúth go mór le hathbhreithniú, forbairt agus feabhas leanúnach soláthar seirbhísí le linn na bliana 2019.

**Colm Mc Evoy**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

# Cúlra

Bunaíodh BOO Chiarraí an 1 Iúil 2013 faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, tráth ar díscaoileadh Coiste Gairmoideachais Chontae Chiarraí a bhí ann roimhe seo. Tá struchtúr corparáideach aige atá comhdhéanta de choiste atá ceaptha go daonlathach agus foireann bainistíochta (feidhmiúchán). Freastalaíonn BOO Chiarraí ar limistéar an Chontae agus ar dhaonra de thart ar 147,707 duine. Tá Ciarraí ar an gcúigiú contae is mó de 32 contae na hÉireann agus ar an 15ú-contae is mó daonra. Tá Ciarraí ar an dara contae is mó as na sé chontae i gCúige Mumhan de réir limistéir, agus an ceathrú contae is mó de réir daonra. Go sainiúil, níl teorainn ag Ciarraí ach le dhá chontae eile: Contae Luimnigh ar an taobh thoir agus Contae Chorcaí ar an taobh thoir theas.

## Seirbhísí BOO Chiarraí


Áirítear ar an tseirbhís a chuireann BOO Chiarraí ar fáil, Oideachas Bunleibhéil i bPobalscoil Náisiúnta nua a d'oscail i mí Lúnasa 2017, Oideachas Iar-Bhunleibhéil in ocht nIar-Bhunscoil chomh maith le Breisoideachas agus Oiliúint i ndeich gcinn de bhailte ar fud thart ar 20 ionad BOO timpeall an chontae, chomh maith le Seirbhísí Óige agus Oideachais Cheoil i scoileanna. Déantar na seirbhísí go léir a sheachadadh ag leibhéal áitiúil. Seo a leanas sprioc-chliaint BOO Chiarraí:

- Mic léinn agus/nó a dtuismitheoirí/caomhnóirí
- Foghlaimeoirí fásta
- Lucht fágála scoile
- Cuardaitheoirí poist
- Daoine fostaithe ar mian leo uas-sciliú a dhéanamh nó athoiliúint a fháil
- Fostóirí atá ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar na bearnaí ó thaobh scileanna
- Pobail agus Grúpaí Pobail ar fud an Chontae
- Daoine óga
- Oibrithe Deonacha agus Eagraíochtaí Deonacha

| Seirbhís | Líon na suíomh | Líon Rannpháirtithe |
|---|---|---|
| Leibhéal Bunscoile | 1 | 11 |
| Leibhéal Iar-Bhunscoile | 8 | 2,382 |
| Iar-Ardteistiméireacht | 4 | 662 |
| Breisoideachas | 20 | 8,500 |
| Oiliúint | 1 | 3,000 |
| **Iomlán an tSoláthair** | **33** | **14,555** |

# Misean BOO Chiarraí

***Sochaí foghlama fad saoil a chruthú agus a fhorbairt i gCiarraí, ionas go mbeidh teacht ag an uile dhuine atá ina gcónaí ansin ar an oideachas agus ar an oiliúint atá riachtanach chun a lánacmhainneacht a bhaint amach agus chun freastal ar a riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúrtha, eacnamaíocha agus shibhialta***




# Bunluachanna BOO Chiarraí

***Tá ár mbunluachanna dírithe ar a chinntiú go bhfuil ceart ag an uile dhuine teacht ar dheiseanna oideachais agus oiliúna chun a n-acmhainneacht a bhaint amach. Is ionann na luachanna seo agus Meas, Caighdeán, Cuimsiú, Comhionannas agus Foghlaim***

# Limistéir agus Láithreacha Geografacha

## Nádúr Tuaithe an Chontae

Tá cónaí ar fhormhór daonra Chiarraí i gceantair thuaithe (65%) lasmuigh de na príomhbhailte.

Léirítear i nDaonáireamh na bliana 2016 gur tháinig ardú ar an difríocht sa mheánaois idir na ceantair thuaithe agus na ceantair uirbeacha sna blianta idir 2011 agus 2016. Sa bhliain 2016, bhí meánaois náisiúnta an daonra a bhí ina gceantair thuaithe 2.4 bliain níos sine ná an daonra i gceantair uirbeacha, i gcomparáid le difríocht de 1.9 bliain sa bhliain 2011. Tá titim ar líon na ndaoine idir 19 bliain go 25 bliain i gceantair thuaithe de réir mar a fhágann aosaigh óga an ceantar chun dul ag staidéar nó agus ag obair, mar ghné láidir de dhaonra na tuaithe. Téann an scéal chun donais mar thoradh ar rátaí breithe ísle agus ionchais saoil níos faide.

Is minic, mar gheall ar an mbonneagar bóithre, go dtógann turas atá gearr ó thaobh ciliméadar achar ama níos faide seachas mar a thógfadh an turas sin i gceantair eile le líonra bóithre níos fearr. Maidir le hamanna tiomána sa chontae do dhaoine chun seirbhísí poiblí a rochtain, tá 128.7km i gceist leis an turas ó Thuaidh/Theas ó Thairbirt go Dairbhre agus tógann sé os cionn 2 uair an chloig; tá 80km i gceist leis an turas Soir/Siar ón Ráth Mhór go Daingean Uí Chúis agus tógann sé 1 uair agus 30 nóiméad. Cé go ndéanann an príomhghréasán iarnróid agus Aerfort Idirnáisiúnta Chiarraí freastal ar an gcontae i láthair na huaire, ní minic le seirbhísí iompair poiblí a bheith ar fáil sna ceantair fhorimeallacha. Cruthaíonn sé sin deiseanna agus dúshláin araon do BOO Chiarraí. Sa bhliain 2019, oibreoidh BOO Chiarraí i gcomhar Local Link Kerry le sineirge níos fearr a chothú agus le breisoideachas agus oiliúint a dhéanamh níos inrochtana do dhaoine atá ina gcónaí i bpobail tuaithe.

Feidhmíonn BOO Chiarraí, mar fhreagra ar shaincheisteanna tuaithe, scoileanna agus ionaid FET i mbailte beaga ar fud an chontae, chomh maith le suíomhanna uirbeacha níos mó. Tá forbairt déanta ag BOO Chiarraí ar chur chuige for-rochtana straitéiseach tuaithe i leith

seachadadh oideachas agus oiliúint, agus tá seirbhísí ar fáil i ndeich gcinn de bhailte agus i mbeagnach 30 ionad a chuireann Iar-bhunoideachas agus Breisoideachas agus Oiliúint ar fáil.

Ar mhaithe lena chinntiú gur féidir le daoine rochtain a fháil ar fhorbairt phearsanta agus gairmiúil araon, tá a nideog uathúil féin ag gach ionad a bhaineann leas as buntáistí a láthair thuaithe. Tá gairdíní pobail agus saoráidí gairneoireachta i roinnt Ionaid Breisoideachais agus Oiliúna, tá ceann eile mar speisialtóir sna healaíona pobail, tá roinnt eile sna ceantair Ghaeltachta, agus tá roinnt eile i gcroílár limistéir talmhaíochta nó ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Cruthaíonn próifíl an phobail atá ag dul in aois deis de réir mar a thagann ardú leanúnach ar an éileamh ar oibrithe cúraim atá oilte agus ar lucht cúraim ghairmiúil.

## Tá Ionaid ag BOO Chiarraí in 10 mBaile:

1. Trá lí
2. Cill Airne
3. Lios Tuathail
4. Oileán Chiarraí
5. An Tóchar
6. Cill Orglan
7. Daingean Uí Chúis
8. Cathair Saidhbhín
9. An Coireán
10. Neidín

## 32 Ionad BOO Chiarraí: Bunscoileanna, Iar-Bhunscoileanna, Oideachas Aosach agus Breisoideachas & Spórt

*Bunscoileanna*

1. Pobalscoil Náisiúnta an Dá Mhíle, Cill Airne

*Iar-Bhunscoileanna*

1. Coláiste Pobail Oileán Chiarraí
2. Scoil Chuimsitheach an Tóchair
3. Coláiste na Sceilge, Cathair Saidhbhín
4. Gaelcholáiste Chiarraí, Trá Lí
5. Coláiste Pobail Chill Airne
6. Coláiste Pobail Chill Orglan
7. Coláiste na Ríochta, Lios Tuathail
8. Coláiste Gleann Lí, Trá Lí

*Iar-Ardteistiméireacht (PLC)*

1. Coláiste Pobail Chill Airne
2. Coláiste Breisoideachais Chiarraí Thuaidh, Lios Tuathail
3. Coláiste Breisoideachais Chiarraí, Trá Lí

*Ionad Oiliúna*

1. Ionad Oiliúna BOO Chiarraí, Móin an Bhaile, Trá Lí.

*Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna*

1. Ionad Oideachais d'Aosaigh Uí Chonaill, Cathair Saidhbhín
2. Ionad Oideachais d'Aosaigh an Tóchair, An Tóchar
3. Ionad Oideachais d'Aosaigh Neidín
4. Ionad Ealaíon Pobail agus Oideachais Tech Amergin, An Coireán
5. Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Daingin

*Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS)*

1. VTOS Thrá Lí
2. VTOS Chill Airne
3. VTOS Lios Tuathail
4. VTOS Chiarraí Theas & Ógtheagmháil, Cill Orglan agus Ionad Oideachais d'Aoisigh Uí Chonaill, Cathair Saidhbhín, Contae Chiarraí.

*Litearthacht Aosach agus Bunoideachas*

1. Ionad Litearthachta Aosach & Bunoideachas Thrá Lí
2. Ionad Pobail Oileán Chiarraí
3. Seirbhís Fhoghlama d'Aosaigh, Cill Airne
4. Oideachas d'Aosaigh agus Bunoideachas, Lios Tuathail

*Ógtheagmháil*

1. Ógtheagmháil Chill Airde
2. Ógtheagmháil Chiarraí Theas
3. Ógtheagmháil Lios Tuathail
4. Ógtheagmháil Thrá Lí
5. Ógtheagmháil LCA, Trá Lí

*Seirbhísí For-rochtana*

Tá níos mó ná 100 ionad ar fud an chontae.

*Ionad Spóirt*

Ionad Réigiúnach Fóillíochta agus Spóirt Thrá Lí

*Oideachas Allamuigh*

Ionad Oideachais Allamuigh Cheapaigh na Lao, Cill Orglan.

*Scoileanna Comhpháirtíochta*

| Scoil | Comhphátrún/ Iontaobhaithe | Ionadaíocht ar BB |
|---|---|---|
| 1. Pobalscoil Inbhear Scéine | Iontaobhaithe | 3 |
| 2. Pobalscoil Chorca Dhuibhne | Comhphátrún | 3 |
| 3. Scoil Phobail Sliabh Luachra | Iontaobhaithe | 3 |
| 4. Scoil Chuimsitheach Thairbhirt | Iontaobhaithe | 1 |

# *Eolas staitistiúil maidir le Ciarraí*

Tá léargas tugtha thíos ar na príomhstaitisticí maidir le Ciarraí ó thaobh déimeagrafaic, limistéir dhíothachta, leibhéil ghnóthachtála oideachais, an margadh saothair agus dífhostaíocht, chomh maith le heitneacht agus teanga.

## Daonra

- Léiríodh i nDaonáireamh na bliana 2016 daonra iomlán Chiarraí ag 147,707. Astu sin, bhí 74,652 baineann (ardú de 2.4%) agus 73,055 fireann (ardú de 0.6% ón daonáireamh deiridh). Tháinig fás 1.5% nó 2,205 ar an daonra idir na blianta 2011 agus 2016 – an naoú ráta fáis is ísle sa Stát.

- Tá os cionn 35% d'áititheoir Chiarraí ina gcónaí i mbailte móra uirbeacha, agus tá an 65% eile ina gcónaí i gceantair ina bhfuil daonra de 1,500 nó níos lú. Breithnítear Ciarraí a bheith ina limistéar tuaithe den chuid is mó.

- D'aistrigh 24.3% de dhaonra Chiarraí go contae eile in Éirinn sa tréimhse i 2011 – 2016.

## Aois

- De réir Daonáireamh na bliana 2016, bhí 44,612 leanbh agus duine óg ina gcónaí i gCiarraí (0-24 bliain). B'ionann an figiúr seo agus 30.2% den daonra iomlán i gCiarraí. Tá an cion i gCiarraí níos ísle ná mar atá sa Stát (33.2%).

- Is féidir briseadh síos mar seo a leanas a dhéanamh ar na leanaí agus daoine óga (0-24 bliain): 0 go 4 bliain (9,020 go 6.1%), 5 go 12 bliain (15,905 nó 10.8%), 13 go 17 bliain (9,602 nó 6.5%), agus 18 go 24 bliain (10,085 nó 6.8%).

- Níl dáileadh cothrom ar struchtúr an daonra ar fud an chontae, agus mar sin tá difríocht sna rátaí spleáchais (m.sh. Daoine Óga agus Daoine Scothaosta nach bhfuil ar fáil chun obair a dhéanamh). Tá líon difríochtaí idir Ciarraí agus an Stát agus tá cion níos lú de dhaonra i gCiarraí laistigh de na cohóirt aoise níos óige (0 go 4, 5 go 9 srl.).


- I lár na pirimide daonra, tá cion níos ísle de na cohóirt d'aois oibre níos óige (30 go 34, 35 go 39 srl.) i gCiarraí i gcomparáid leis an Stát.

- Ag barr na pirimide daonra, tá cion níos mó de dhaonraí Chiarraí laistigh de na cohóirt aoise scothaosta (70+).

- De réir Dhaonáireamh na bliana 2016, tá Ráta Spleáchais Óige i gCiarraí. Laistigh de Chiarraí, is i gCill Orglan an baile leis an Ráta Spleáchais Óige is airde.


- Léiríonn figiúirí CSO na bliana 2016 gurb é an mheán-aois is airde in aon chontae in Éirinn ná 40.2 bliain. Tá taifeadadh déanta ar Mhaigh Eo agus ar Ghaillimh araon mar na contaetha ina bhfuil an meán-aois is airde. Tháinig ardú ar an meán-aois i ngach contae ón mbliain 2011. Ar an meán, tá daoine i gCiarraí deich mbliana níos sine ná mar atá daoine i bhFine Gall – an ceantar riaracháin is óige sa tír. Laistigh de Chiarraí, bhí Cill Airne ar a mbaile ba shine, le meán-aois de 40.9 bliain

## Próifíl Aoise agus Spleáchais Chiarraí Thuaidh, Thoir agus Theas




(Foinse CSO 2016)

## Próifíl Aoise agus Spleáchais Chiarraí Theas





(Foinse CSO 2016)

## Cóimheasa Spleáchas Aoise Dhaonáireamh 2016 i gCiarraí i gcomparáid leis an Meán sa Stát

| Ciarraí | Cóimheas Chiarraí | Cóimheas an Stáit | An Stát |
|---|---|---|---|
| **An dá ghnéas** | | | **An dá ghnéas** |
| Gach Aois (Cóimheas) | 57.3 | 52.7 | Gach Aois (Cóimheas) |
| Daoine ó 0-14 bliana d'aois (Cóimheas) | 30.7 | 32.3 | Daoine ó 0-14 bliana d'aois (Cóimheas) |
| Daoine 65 bliain d'aois & níos sine (Cóimheas) | 26.7 | 20.4 | Daoine 65 bliain d'aois & níos sine (Cóimheas) |
| **Fireann** | | | **Fireann** |
| Gach Aois (Cóimheas) | 56.9 | 52.6 | Gach Aois (Cóimheas) |
| Daoine ó 0-14 bliana d'aois (Cóimheas) | 31.3 | 33.3 | Daoine ó 0-14 bliana d'aois (Cóimheas) |
| Daoine 65 bliain d'aois & níos sine (Cóimheas) | 25.6 | 19.2 | Daoine 65 bliain d'aois & níos sine (Cóimheas) |
| **Baineann** | | | **Baineann** |
| Gach Aois (Cóimheas) | 57.7 | 52.9 | Gach Aois (Cóimheas) |
| Daoine ó 0-14 bliana d'aois (Cóimheas) | 30 | 31.2 | Daoine ó 0-14 bliana d'aois (Cóimheas) |
| Daoine 65 bliain d'aois & níos sine (Cóimheas) | 27.7 | 21.6 | Daoine 65 bliain d'aois & níos sine (Cóimheas) |

## Daonra de réir Fireann agus Baineann de réir aoise do Chiarraí 2016




(Foinse CSO 2016)

## Eitneacht

De réir Dhaonáireamh na bliana 2016, bhí; 968 duine den Lucht Siúil i gCiarraí (0.65% de dhaonra Chiarraí); bhí 698 duine i gcatagóir na nDaoine Gorma nó na nÉireannach Gorm le cúlra Afracach (0.47%); bhí 103 duine i gcatagóir na nDaoine Gorma nó na nÉireannach Gorm le cúlra eile (0.47%); bhí 261 duine i gcatagóir na nÁiseach nó na nÁiseach Éireannach le cúlra Síneach (0.18%); bhí 1,508 duine i gcatagóir na nÁiseach nó na nÁiseach Éireannach le cúlra Áiseach eile (1.02%); agus bhí 1,697 eile ann, lena n-áirítear daoine le cúlra measctha (1.45%)

## Míchumas

Bhí 13.51% iomlán den daonra i gCiarraí faoi mhíchumas sa bhliain 2016, (19,965 duine). Bhí iomlán de 13.7% den daonra baineann i gCiarraí faoi mhíchumas sa bhliain 2016. Tá an ráta seo níos airde i dTrá Lí. Bhí iomlán de 13.3% den daonra fireann i gCiarraí faoi mhíchumas sa bhliain 2016. Tá an ráta seo níos airde i Lios Tuathail.

## Míchumas de réir cineáil

Daille nó dianlagú radhairc; bodhaire nó dianlagú éisteachta; bail a chuireann srian ar bhunghníomhaíocht fhisiciúil amháin nó níos mó; míchumas intleachta; deacrachtaí foghlama, cuimhne nó aird; bail shíceolaíoch nó mhothúcháin; breoiteacht ainsealach; deacrachtaí le gléasadh, folcadh a thógáil nó bogadh timpeall an tí; deacrachtaí an teach a fhágáil ina aonar, deacrachtaí obair a dhéanamh nó freastal ar an scoil/ar an gcoláiste; deacrachtaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí eile.

## Sláinte

Is cuid den fhírinne laethúil i saol gach pobal agus seomra ranga go náisiúnta agus go domhanda iad saincheisteanna le sláinte mheabhrach.

Coinníonn an Fhondúireacht Náisiúnta Taighde faoin bhFéinmharú (NSRF) taifid ar líon na ndaoine a thagann chun ospidéil tar éis féindíobháil a dhéanamh. Is i gCiarraí i gcomparáid le háiteanna eile, a bhí an cúigiú ráta is airde do 2015 i gcás daoine fireanna faoi 25.

## Mí-úsáid Substaintí


Déanann an Fhondúireacht Náisiúnta Taighde faoin bhFéinmharú (NSRF) taifeadadh ar líon na ndaoine siúd a bhí ag lorg cóireáil do mhí-úsáid substaintí. Sa bhliain 2015, bhí líon na ndaoine óga a ndearnadh taifeadadh orthu mar gheall a bheith ag lorg cóireáil i gCiarraí níos mó ná dúbailte i gCiarraí i gcomparáid leis an meán sa Stát.

## Oideachas

- Léiríonn Tuarascáil Théamach ar Ghnóthachtáil Oideachais an CSO[1] go bhfuil ardú tagtha ar an ráta fostaíochta náisiúnta de réir mar atá leibhéil oideachais ag ardú.
- Bhí ráta fostaíochta 85% ag daoine a raibh cáilíocht tríú leibhéil acu sa Dara Ráithe den bhliain 2017, i gcomparáid le ráta 35% dóibh siúd gan bhunoideachas/gan oideachas foirmiúil.
- Sa bhliain 2016 bhí an ceathrú ráta is airde san AE ag Éirinn, ag 53% i gcás cáilíochtaí tríú leibhéal i measc daoine idir 30–34.
- Tá tábhacht an oideachais mar réamhtháscaire fostaíochta agus torthaí dearfacha sláinte soiléir ó thorthaí an daonáirimh. Dá bhrí sin, tá ról suntasach ag BOO Chiarraí i gcur le cáilíocht saoil mhuintir Chiarraí.
- De réir Daonáireamh na bliana 2016, taispeánann an pictiúr áitiúil go bhfuil difríocht shuntasach idir leibhéil ghnóthachtála oideachais i gCiarraí agus sa Stát. Go ginearálta, tá cion níos airde leibhéil ghnóthachtála i gCiarraí sna leibhéil níos ísle oideachais, agus dá réir sciar níos ísle san ardoideachas.
- Bhí 13,490 den daonra iomlán ag cónaí i gCiarraí gan ach 'Bunoideachas nó Gan Oideachas Foirmiúil' ar bith acu. B'ionann an figiúr seo agus 13.4% de dhaonra iomlán Chiarraí a raibh a gcuid oideachais críochnaithe acu. Bhí an cion seo níos airde ná an meán 12.5% sa Stát a bhí níos airde ná an meán i limistéar Thionól Réigiúnach an Deiscirt a bhí ag 12.6% agus níos airde ná an meán de 11.5% i Réigiún an Iardheiscirt.
- Bunaithe ar fhigiúirí Dhaonáireamh 2016 i leith Ceantair Bheaga, is i gCathair Saidhbhín a bhí an cion is airde den phobal nach raibh ach 'Bunoideachas nó Gan Oideachas Foirmiúil' acu, ag ráta 16.2%.
- Is i nDaingean Uí Chúis a bhí an cion is airde den phobal a raibh oideachas "tríú leibhéil" acu, ag ráta 34.7%.

[1] Tuarascáil Théamach ar Ghnóthachtáil Oideachais an POS, a seoladh an 22 Feabhra 2018, bunaithe ar thorthaí Dhaonáireamh 2016.

## Aois (i mbandaí) ag ar Chríochnaigh Daoine Oideachas Lánaimseartha Foirmiúil




Foinse: CSO 2011

- I gCiarraí Theas, d'fhág 14% de dhaoine fireanna agus os cionn 11% de dhaoine baineanna an scoil ag aois chúig bhliana déag nó níos óige, agus i gcás 30% den daonra, ba ag an iarbhunscolaíocht shóisearach a bhí an leibhéal is airde gnóthachtála oideachais.

- Ar bhonn náisiúnta, chríochnaigh 13.2% den daonra a n-oideachas ag leibhéal bunscolaíochta. I gCiarraí Theas, áfach, tá 19 Thoghroinn (beagnach aon trian den limistéar iomlán feidhme) ina bhfuil an figiúr níos mó ná 20%.

## Toghranna i gCiarraí Theas ina bhfuil Cion na nDaoine Gan Oideachas Foirmiúil nó le hOideachas Bunscolaíochta amháin os cionn 20% (Ceantair Bheaga i nDaonáireamh na bliana 2016)

| Toghroinn | Limistéar Fóraim Pobail | Cion na bliana 2016 le bunoideachas amháin |
|---|---|---|
| An Chluain/Doire Ianna | Uíbh Ráthach | 33.0 |
| Loch Broin | Neidín | 28.8 |
| An Caladh | Uíbh Ráthach | 26.4 |
| An Gleann Mór | Neidín | 24.1 |
| An Mám | Ciarraí Láir | 23.6 |
| An Chlaoideach | Cill Airne | 23.1 |
| Cill Lonáin | Uíbh Ráthach | 22.7 |
| Gleann Lí | Neidín | 22.5 |
| An Currach Mór | Ciarraí Láir | 22.2 |
| An Currach Beag | Uíbh Ráthach | 22.0 |
| An Leac | Ciarraí Láir | 21.8 |
| An Licín | Ciarraí Láir | 21.7 |
| Ceannúigh/Máistir Gaoithe | Uíbh Ráthach | 21.6 |
| Trian Iarthach | Uíbh Ráthach | 21.0 |
| Toghroinn Fhíonáin | Uíbh Ráthach | 21.0 |
| Inse | Ciarraí Láir | 21.0 |
| Cill Ghobnait | Ciarraí Láir | 20.5 |
| Cill Gharraí an Lóndraigh | Ciarraí Láir | 20.4 |


Foinse: CSO 2016

## Rátaí Dul Chun Cinn agus Cinn Scríbe Dhaltaí Ardteistiméireachta Chiarraí sa bhliain 2016

- Sa bhliain 2016, shuigh 1,855 dalta ar an iomlán scrúdú na hArdteistiméireachta. As an fhigiúr seo, chuaigh 82.8% nó 1,536 dalta chun cinn go dtí an tríú leibhéal. Bhí an cion seo níos mó ná meán an Stáit a bhí ag 77.8%, agus i gcomparáid le gach údarás áitiúil eile, ba é an cúigiú ráta dul chun cinn is airde sa tír.

## Díothacht

- Léirítear in Innéacs Díothachta HP Pobal in 2011 (Haase agus Pratschke sa bhliain 2016) an leibhéal foriomlán saibhris agus díothachta ag leibhéal na gCeantar Beag, a raibh 18,488 ceann díobh in Éirinn sa bhliain 2011. Bunaithe ar na Scóir Innéacs Choibhneasta do bhliain 2016, tá ceantar Chiarraí ar an iomlán ar an séú húdarás áitiúil déag is saibhre sa tír agus scóir -1.3 ann (go himeallach faoin meán). Tá sé seo faoi scór an Stáit, is é sin .6 (go himeallach os cionn an mheáin) agus faoi scór Réigiún an Iardheiscirt, is é sin 1.7 (go himeallach os cionn an mheáin).
- Laistigh de Chiarraí, tá dáileadh soiléir ar Scóir Innéacs Choibhneasta, is é sin go bhfuil na ceantair is saibhre cóngarach do Chill Airne, Trá Lí agus don tSnaidhm aicmithe laistigh den ghrúpa ‘Rachmasach’ (4.3% de na Ceantair Bheaga). Tá na Ceantair Bheaga is mó faoi mhíbhuntáiste den chuid is mó i gceantair thuaithe ar nós Cathair Saidhbhín agus Leithinis Uíbh Ráthaigh, nó sna príomhionaid uirbeacha i Lios Tuathail agus Trá Lí.
- Sa bhliain 2016, bhí 984 teaghlach aon tuismitheora ar an liosta feithimh do thithe sóisialta i gCiarraí. B’ionann an figiúr seo agus ráta 152.1 in aghaidh an 1,000 teaghlach aon tuismitheora i gCiarraí. I gcoibhneas le hÚdaráis Áitiúla eile, ba é seo an séú ráta is airde sa Stát agus bhí sé os cionn mheán an Stáit, is é sin 127.3.




Map 6.1: Pobal HP Deprivation Index, 2016 (Source: Pobal)

## Beochlár Chiarraí, Eanáir 2018

Foinse: CSO 2016

| Suíomh | Fireann | Baineann | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Trá Lí | 3,005 | 2,669 | 5,674 |
| Lios Tuathail | 1,422 | 1,103 | 2,525 |
| Cill Airne | 1,056 | 1,313 | 2,369 |
| Cill Orglan | 570 | 506 | 1,076 |
| Daingean Uí Chúis | 435 | 401 | 836 |
| Cathair Saidhbhín | 363 | 265 | 628 |
| Neidín | 343 | 361 | 704 |
| **Contae Chiarraí** | **7,194** | **6,618** | **13,812** |

## Dífhostaíocht

- Mar gheall ar théarnamh staitistiúil nó ainmniúil gheilleagar na hÉireann ón gcúlú eacnamaíochta le gairid, tá an dífhostaíocht tite go dtí thart ar 7%. Cé go bhfuil an figiúr ceannlíne i gCiarraí cosúil leis an bpictiúr náisiúnta, tá roinnt ceantar ard-dífhostaíochta ann go háitiúil, agus fianaise shoiléir ar dhífhostaíocht ó ghlúin go glúin.

- Tá siad seo níos coitianta sna heastáit tithíochta de chuid na n-údarás áitiúil agus sna pobail imeallacha tuaithe. Sa bhreis ar sin, tá fadhb faoin tuath i gCiarraí maidir le tearcfhostaíocht, i bhfianaise na gcorrlach atá ag éirí níos gainne ar fheirmeacha agus an spleáchas ar fhóirdheontais AE agus ar íocaíochtaí díreacha.

- Tá an ráta rannpháirtíochta san fhórsa saothair íseal, go háirithe i gcodanna de Lios Tuathail, Oileán Chiarraí, Uíbh Ráthach agus Béarra, agus braitheann cuid mhaith den rannpháirtíocht ó mhná san fhórsa saothair ar fhostaíocht shéasúrach agus neamhchinnte in amanna san earnáil fáilteachais.

- Tá fadhb bhreise i gCiarraí Thuaidh sa chaoi is go raibh tionchar suntasach ann mar gheall ar an laghdú géar i dtalmhaíocht agus tógáil, ach i gCiarraí Theas tá an geilleagar níos éagsúla le fócas ar an turasóireacht.

## Fórsa Saothair

- Léirigh Daonáireamh na bliana 2016 go raibh 69,923 duine san fhórsa saothair i gCiarraí. Ag tráth an Daonáirimh, bhí 61,222 díobh seo ag obair agus bhí 8,701 dífhostaithe.


- Is ag na hearnálacha tógála agus déantúsaíochta na príomhearnálacha a raibh tionchar diúltach orthu mar gheall ar ghéarchéim geilleagracha na bliana 2008.

- Tá an Turasóireacht agus an Talmhaíocht i measc na bhfostóirí is mó i gCiarraí. Braitheann post agus gnó amháin as gach cúig phost agus gnó ar an turasóireacht. Tá Ciarraí ag brath níos mó ar an turasóireacht ná mar atá aon chontae eile in Éirinn.

- Tá os cionn 90% de na gnóthais ghníomhacha san Iardheisceart agus i gCiarraí ag fostú níos lú ná deichniúr.

## Próifíl Ghairme de réir Earnála i gCiarraí Thoir Theas, Ciarraí Thiar agus in Éirinn sa bhliain 2016 Ciarraí Thoir Thuaidh agus ThiarÉire

Foinse: CSO 2016




Mar a léirítear i dtuarascálacha roimhe seo cruthaíonn próifíl socheacnamaíoch Chiarraí líon dúshlán agus deiseanna do BOO Chiarraí.

Is féidir le Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide dúshláin a chruthú don daonra, go háirithe contaetha le hArdráta Spleáchais Daoine Óga ar nós Chiarraí. Leanfaidh BOO Chiarraí ar aghaidh ag freagairt do na dúshláin seo agus déanfar fiosrú ar chúrsaí a chuirfidh feabhas ar eolas agus ar inniúlacht an duine aonair maidir le Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide.

Ní féidir neamhaird a dhéanamh de na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an mBreatimeacht, cé go bhfuil sé deacair iad a thomhais i láthair na huaire. Beidh margaíocht agus an cumas lenár mBrandáil Náisiúnta a chruthú agus a chothabháil lárnach ó thaobh trádáil a dhaingniú i ndiaidh an Breatimeachta. Leanfaidh BOO Chiarraí ar aghaidh ag fiosrú deiseanna ar nós cúrsaí sa Chaidreamh Poiblí, Margaíocht agus Fógraíocht, le fócas faoi leith ar bhuncháilíochtaí margaíochta do ghnólachtaí beaga.

Déanfar fiosrú ar fháil a bheith ar "phrintíseach neamhthraidisiúnta" le súil le deiseanna a aithint chun dul i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí atá lonnaithe go háitiúil le forbairt na seirbhísí seo a chur chun cinn.

# *Ráiteas ar Sheirbhísí*

## *Stiúrthóir na Scoileanna, na hÓige agus an Cheoil*

### Bunscoileanna, Iar-bhunscoileanna, Obair don Aos Óg, Gaeilge agus Forbairt Ceoil

### Iar-bhunscoileanna

Tá ocht nIarbhunscoil ag BOO Chiarraí:

- Coláiste Pobail Oileán Chiarraí
- Scoil Chuimsitheach an Tóchair
- Coláiste Gleann Lí
- Coláiste na Ríochta
- Coláiste na Sceilge
- Gaelcholáiste Chiarraí
- Coláiste Pobail Chill Airne
- Coláiste Pobail Chill Orglan

**Rollachán Iomlán Iar-bhunscoileanna 2018/2019: 2,382**

### Scoileanna Comhpháirtíochta

- Pobalscoil Inbhear Scéine
- Pobalscoil Chorca Dhuibhne
- Scoil Phobail Sliabh Luachra
- Scoil Chuimsitheach Thairbirt

### Bunscoileanna

- Cheadaigh DES Pobalscoil an Dá Mhíle, BOO Chiarraí i mí an Mheithimh agus osclaíodh an phobalscoil i mí Meán Fómhair 2017.

**Rollachán Iomlán Bunscoileanna 2018/2019: 25**

Sa bhliain 2019 chuir dhá bhunscoil bhreise iarratas faoi bhráid BOO Chiarraí chun a bheith ina bPobalscoil Náisiúnta.

.

## Tosaíochtaí Ceoil agus Óige Scoile BOO Chiarraí 2018/19 faoi Spriocanna Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018-22

### SPRIOC 1
### CLÁIR DEARBHAITHE CÁILÍOCHTA A AITHNÍTEAR GO NÁISIÚNTA AGUS GO HIDIRNÁISIÚNTA

- Tosaíocht a thabhairt do Chreat Cáilíochta DES Ag Féachaint ar Ár Scoileanna (LAOS) le linn inseirbhís agus pleanáil don scoil uile
- Úsáid a bhaint as Creat LAOS chun eolas a chur ar fáil do gach agallamh earcaíochta agus ardú céime
- Oiliúint maidir le Pleanáil Ábhar a chur ar fáil do Chomhordaitheoirí Ábhair; Tíreolaíocht, Stair, Gnó, Eacnamaíocht Bhaile, Cláir Oideachais Shóisialta Phearsanta agus Sláinte agus Rannóga Reiligiúin
- Tacaíocht leantach do Phríomhoidí agus do Phríomhoidí Cúnta, lena n-áirítear, freastal ar Chruinnithe Pleanála Ábhar
- An tEolas is Deireanaí a chur ar fáil ag Cruinnithe Príomhoidí agus Príomhoidí Cúnta
- Forbairt Scoileanna Saibhriú Foghlama (DSEL) a chur i bhfeidhm, clár inseirbhíse atá bunaithe ar LAOS 2018/19 agus i gcomhpháirtíocht leis an PDST
- Ionchur ar an bPróiseas Cigireachta a sholáthar do scoileanna agus an Bord Bainistíochta a ullmhú don Bhainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim an WSE.  Tacú le scoileanna chun ullmhú do Phlean Iarchúraim maidir le Cigireacht Ábhair/ WSE.
- An Sraith Shóisearach a chur i bhfeidhm
- Tacú le Féinmheastóireacht Scoile agus le Pleanáil Feabhsúcháin Scoile trí shárchleachtas a chomhroinnt

### SPRIOC 2. ARDCHAIGHDEÁIN MÚINTEOIREACHTA AGUS FOGHLAMA AN CLÁR SCOILEANNA I MBUN FORBARTHA, FOGHLAIM SHAIBHRITHE (DSEL):

Leanann Clár Scoileanna i mBun Forbartha, Foghlaim Shaibhrithe (DSEL) BOO Chiarraí le clár cuimsitheach bliantúil tacaíochta scoile agus inseirbhíse a chur ar fáil a dhíríonn ar:

- Feidhmiú na Sraithe Sóisearaigh nua
- Ionduchtú múinteoirí nua
- Forbairt Ceannaireachta do Phríomhoidí agus do Phríomhoidí Cúnta agus don Mheánbhainistíocht, lena n-áirítear, tacaíocht sceidealaithe míosúil do chleachtas athmhachnaimh
- Féilire oiliúna Ceannaireachta Teagascaí do mhúinteoirí a dhíríonn ar straitéisí teagaisc atá bunaithe ar fhianaise chun teagasc agus foghlaim a fheabhsú
- Pobail Chleachtais (CoPs) i réimsí ábhair: Ealaín, Eacnamaíocht Bhaile, Gaeilge, Matamaitic, Eolaíocht, Stair, Tíreolaíocht, Gairmthreoir, Reiligiún, Corpoideachas & Riachtanais Speisialta Oideachais.
- Tionscnamh Pleanála do na Rannóga Ábhair i gcomhpháirtíocht le PDST le fócas ar straitéisí teagaisc agus ar ICT.
- Oiliúint ar Chleachtas Aisiríoch um Iompar Dearfach do mhúinteoirí agus bainisteoirí scoile
- Oiliúint ICT i Microsoft 365 chun tacú le Teagasc, Foghlaim agus Measúnú, agus ar bhainistiú doiciméad do mhúinteoirí, mic léinn agus bainisteoirí scoile
- Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta do bhainisteoirí scoile agus don fhoireann
- Forbairt SNA agus inseirbhíse
- Oiliúint do Chomhairlí Tuismitheoirí/Fóraim Tuismitheoirí
- Oiliúint do Chomhairlí Mic Léinn/Fóraim Mic Léinn
- Oiliúint do Bhoird Bainistíochta
- 3 lá oiliúna d'Fhoirne Tacaíochta Mic Léinn agus tacaíocht sheachtrach iarchúraim agus do chleachtas athmhachnaimh a sholáthraíonn gníomhaireachtaí comhpháirtíochta, m.sh. CAMHS, NEPS agus JIGSAW.
- Sceideal de chruinnithe múinteoirí chun sárchleachtas san Ealaín, ICT, Reiligiún, Matamaitic, Corpoideachas, TY agus SEN.
- Sé sheisiún 3 huaire an chloig de Chleachtas Athmhachnaimh beartaithe Phríomhoidí agus do Phríomhoidí Cúnta.
- ICT san Fhoghlaim, Teagasc agus Measúnú don fhoireann tacaíochta i bhfeidhm do Scoileanna.
- Soláthraíonn scoileanna BOO Cúrsa Ríomheolaíochta an Teastais Shóisearaigh do BOO Chiarraí.
- Tá an phleanáil go léir do na Rannóga Ábhair ar líne
- Tá Microsoft 365 CPD i bhfeidhm do na múinteoirí agus do na mic léinn go léir.
- Comhairliúchán leanúnach leis na mic léinn trí AFL agus Aiseolas Múnlaitheach ...nasctha le Pleanáil do na Rannóga Ábhair á dtagraítear dó roimhe seo.

Tugtar tacaíocht do na tionscnaimh thuas go léir trí chaidreamh straitéiseach idir BOO Chiarraí agus na seirbhísí tacaíochta seo a leanas: an Roinn Oideachais agus Scileanna (DoES), an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST), Foireann na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (JCT), an tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta (NCSE), an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta (SESS), an Clár um Oideachas Sóisialta agus Sláinte (SHEP) agus an Lárionad Ceannaireachta Scoile.

Eagraíonn BOO Chiarraí searmanas Bronnta Duaiseanna do Mhic Léinn mar aitheantas ar ghnóthachtálacha acadúla agus seach-churaclaim na mac léinn uile i ngach ceann den 8 scoil agus cláir Ógtheagmháil. Freastalaíonn níos mó ná 250 duine ar imeacht bhliantúil bronnta duaiseanna do mhic líne a bhíonn ar siúl i mí Eanáir gach aon bhliain agus a thionólann an Institiúid Teicneolaíochta, príomh-chomhpháirtí oideachais leis an BOO. Sa bhliain 2019 fuair seachtó a sé mac léinn duaiseanna.

*STEAM*
*(Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, na hEalaíona agus Matamaitic)*

- Tosaíocht a thabhairt do STEAM sna scoileanna trí sheachtainí scoile STEAM
- Iarratas chuig DES do Mhaoiniú Comhpháirtíochta Cruthaitheachta don Aos Óg chun tosaíocht a thabhairt do na healaíona agus do chruthaitheacht sa bhliain 2019.

*Folláine*

- Tá comhordaitheoir folláine i ngach scoil agus tá plean folláine i bhfeidhm don Sraith Shóisearach.
- Oiliúint Tacaíochta do Mhic Léinn idirghníomhaireachta trí lá d'Fhoirne Tacaíochta Mic Léinn sa chéad téarma.
- Cleachtas machnaimh seachtrach d'Fhoirne Tacaíochta Mic Léinn á sholáthar ag Jigsaw Chiarraí.
- Clár píolótach na sraithe sinsearaí maidir le "Living Today" le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ar nós caidrimh agus gnéasacht, toiliú, íomhá choirp, na meáin shóisialta, srl.
- Tosaíocht a thabhairt do Thionscnamh Gutha Mic Léinn an NCCA 2019/20
- Searmanas Bronnta Duaiseanna do Mhic Léinn BOO Chiarraí beartaithe don 18 Eanáir 2019
- Imeachtaí Bronnta Duaiseanna Scoil bhunaithe i mí na Bealtaine.

*Corpoideachas (PE)*

- Seoladh Straitéis PE Iar-Bhunscoile BOO Chiarraí
- Tosaíocht a thabhairt do mhaoiniú a dhéanamh ar uasghrádú trealamh PE sa bhliain 2019.
- Leanúint le PE a chur chun cinn, lena n-áirítear, Clár School Mile don CNS.

## SPRIOC 3. OIDEACHAS NUÁLACH AGUS FREAGRAÍ OILIÚNA

- Rannpháirtíocht sa phróiseas maidir le Sainspiorad/Croíluachanna an ETBI agus pleanáil a dhéanamh le béim ar sholáthar il-sainchreidmheacht i BOO

- Meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht an DSEL sa bhliain 2019 agus pleanáil a dhéanamh ar bhonn fhoghlama
- Clár foghlama cumaisc maidir le Matamaitic Fheidhmeach a sholáthar lena bheith ar fáil do Dhaltaí na cúigiú (5) bliana i ngach scoil de chuid BOO Chiarraí
- Oibriú leis an gCoiste Idirghníomhaireachta Oideachais don Lucht Siúil, le Scoileanna i gCill Airne agus le Gníomhaireachtaí Forbartha Áitiúla le haghaidh a thabhairt ar rannpháirtíocht agus gnóthachtáil an Lucht Siúil sna scoileanna. Spriocanna a chuir i bhfeidhm don bhliain 2019.

## SPRIOC 4. ROCHTAIN AGUS DUL CHUN CINN

**Cuimsiú Riachtanais Speisialta Oideachais**

- Cuireann BOO Chiarraí tacaíocht dhírithe agus iomlánaíoch ar fáil do mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tugtar tacaíocht le múinteoirí atá ag obair le mic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a spreagadh chun leas a bhaint as an Dioplóma i Riachtanais Speisialta Oideachais atá á mhaoiniú ag DES, a chinnteoidh ar an mbealach sin go bhfaigheann na mic léinn le Riachtanais Speisialta Oideachais seirbhís agus tacaíocht a bhaineann an caighdeán is airde amach. Tagann Comhordaitheoirí Riachtanais Speisialta Oideachais le chéile trí huaire sa bhliain le cleachtas a chomhroinnt agus le caighdeáin cháilíochta a chomhaontú. Tá scoileanna go léir BOO Chiarraí ag cur Clár L2LP na Sraithe Sóisearaí nua i bhfeidhm.
- Tá forbairt déanta ag trí scoile ar Ranganna Uathachais; Coláiste Gleann Lí, Trá Lí, Coláiste na Ríochta, Lios Tuathail agus Coláiste Pobail Chill Airne. Tá Rang Riachtanais Speisialta Oideachais ag Coláiste na Sceilge ina n-áirítear mic léinn a bhfuil gach cineál míchumas acu nach mbeadh ar a gcumas rochtain a fháil ar an gcuraclam iomlán.
- Múinteoir Tacaíochta Riachtanais Speisialta Oideachais BOO Chiarraí ann le tacaíocht agus comhairle a thabhairt do scoileanna.
- Cómhúinteoireacht mar thosaíocht do gach scoil sa bhliain 2018/19.
- Tá dhá chruinniú pleanála agus athbhreithnithe le Comhordaitheoirí Riachtanais Speisialta Oideachais beartaithe. Tá Oiliúint SNA ceithre lá beartaithe do mhí an Mheithimh 2019.
- Leanúint le 6 Rang Speisialta a sholáthar i 4 scoil BOO. Struchtúr tacaíochta a sholáthar do Ranganna Speisialta. Naisc a fhorbairt le Seirbhísí Idirghabhála agus Míchumais Chiarraí chun tacaíocht a thabhairt do ranganna speisialta.

## SPRIOC 5. COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ TORTHÚLA A FHORBAIR

- Tacú le scoileanna le naisc straitéiseacha a fhorbairt le comhlachtaí fostóra, m.sh. naisc Scoile/Gnó
- Leanúint le tacaíocht a thabhairt do shárchleachtas i gCláir Críochnaithe agus Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail i scoileanna DEIS
- Rannpháirtíocht san LCDC agus i LAG agus tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh a thugann tosaíocht do chuimsiú agus d'ilghnéitheacht. A bheith ar Choiste Meastóireachta an LCDC agus tacaíocht a thabhairt do naisc straitéiseacha le hOideachas agus le hOiliúint.
- Creat straitéiseach a fhorbairt do naisc Scoileanna/Obair Óige le hEagraíochtaí Obair Óige ag teacht le Scéim Maoinithe nua an DCYA.
- Leanúint le Cláir Erasmus a chur chun cinn i scoileanna agus tacaíocht a thabhairt dóibh, m.sh. Coláiste Pobail Chill Orglan, 2 scoil nua chun iarratas a dhéanamh ar Chlár Erasmus sa bhliain 2018/19.
- Tacaíocht a thabhairt don Mhol Spóirt Pobail i gColáiste na Sceilge.
- Music Generation a shocrú suas sa bhliain 2019.
- Leanúint le tacaíocht a thabhairt do Choiste Chonair Forchéimnithe an CYPSE do lucht fágála scoile atá faoi Mhíchumas Intleachta nó Uathachas.

## SPRIOC 6. RANNPHÁIRTÍOCHT LE PÁIRTITHE LEASMHARA

- Comhairle na Mac Léinn i bhfeidhm, oiliúint agus cruinnithe rialta i ngach scoil
- Cruinnithe ag Fóram na Mac Léinn BOO Chiarraí 3 huaire sa bhliain, a sholáthraíonn aiseolas do

BOO Chiarraí agus a chomhroinneann sárchleachtais.
- Comhairle Tuismitheoirí i bhfeidhm, oiliúint agus cruinnithe rialta i ngach scoil.
- Cruinnithe ag Fóram Tuismitheoirí BOO Chiarraí 4 huaire sa bhliain agus tugtha suas chun dáta maidir leis na forbairtí scoile go léir, cuirtear aiseolas ar fáil do BOO Chiarraí agus déantar sárchleachtas a chomhroinnt.
- Glactar le haiseolas ag deireadh gach imeacht ó thaobh Cruinniú/ Ceardlann/Inseirbhíse Múinteoirí, déantar anailís air agus cuirtear eolas ar fáil do phleanáil amach anseo.
- Cuirtear Féilire Bliantúil DSEL ar fáil maidir le hinseirbhís forbartha.
- Castar le Ceardchumainn Múinteoirí agus Ceardchumainn SNA trí huaire sa bhliain le haghaidh a thabhairt ar agus le cosc a chur ar shaincheisteanna ó theacht chun cinn.
- Samhail Tacaíochta Múinteoirí Nua a phleanáil agus a chur i bhfeidhm.

## SPRIOC 7. ÉIFEACHTÚLACHT AGUS CUNTASACH I RIALACHAS AGUS CEANNAIREACHT

- Beartas Sláinte agus Sábháilteachta, féilire inseirbhíse 2018/19 a phleanáil agus foireann a cheapadh.
- Sé sheisiún Cleachtas Athmhachnaimh curtha ar fáil do Phríomhoidí agus do Phríomhoidí Cúnta.
- Bíonn trí chruinniú sa bhliain ag Coiste Maoirseachta um Chosaint agus Cumhdach Leanaí BOO Chiarraí le maoirseacht a dhéanamh ar Chosaint agus ar Chumhdach Leanaí ar fud na heagraíochta.

## SPRIOC 8. MARGAÍOCHT, BRANDÁIL AGUS CUMARSÁID

- Plean Caidreamh Poiblí ar bhonn bliantúil a ullmhú do scoileanna.
- Seachtain na Scoileanna BOO Chiarraí a chur ar fáil i mí Deireadh Fómhair.
- Láithreán gréasáin/aip scoile a chur ar fáil do na scoileanna go léir.

## SPRIOC 9. AN TIMPEALLACHT OIBRE AGUS FOGHLAMA A FHEABHSÚ

- Féilire DSEL de chruinnithe inseirbhíse agus de chruinnithe múinteora
- Clár Cúnaimh d'Fhostaithe a chur chun cinn
- Clár Folláine do na Scoileanna go léir
- Ceardlanna Folláine don fhoireann ar Laethanta Foghlama
- Plean iarchúraim ó Iniúchtaí Sláinte agus Sábháilteachta 2017/18. Plean Oiliúna Sláinte agus Sábháilteachta don fhoireann phríomha i scoileanna
- Athbhreithniú agus pleanáil maidir le foirgnimh agus le cothabháil sna scoileanna go léir
- Gaelcholáiste nua beartaithe don bhliain 2021
- Forbairtí páirc Astroturf i gColáiste Pobail Oileán Chiarraí agus i gColáiste Pobail Chill Airne

*Plean Gaeilge*

Tá Plean Gaeilge á chur i bhfeidhm ag BOO Chiarraí i láthair na huaire a áiríonn na tosaíochtaí seo a leanas:

- Cúrsaí TEG don fhoireann.
- Tá ionchur curtha ar fáil ag BOO Chiarraí sa Phróiseas Pleanála Teanga don Ghaeilge i limistéir Ghaeltachta Dhaingean Uí Chúis, Iarthar Chiarraí agus Uíbh Ráthach.
- Tá cead faighte ag BOO Chiarraí feidhmiú mar ghníomhaireacht stiúrtha le forbairt a dhéanamh ar Phlean Gaeilge do Thrá Lí mar bhaile a chuireann seirbhís ar fáil don Ghaeltacht.
- Cuirfear cúrsaí samhraidh ar fáil do dhaltaí bunscoile i dTrá Lí, i nDaingean Uí Chúis agus i mBaile na Sceilg i mí Iúil 2019.
- Soláthraíonn 7 scoil de chuid BOO Chiarraí rogha na Béaltrialach Gaeilge don tSraith Shóisearach.
- Cuireann BOO Chiarraí Duais Boinn Airgid bliantúil ar fáil do na mic léinn a fhaigheann na gráid is airde i scrúdú béil Gaeilge an Teastais Shóisearaigh.
- Tá comhoibriú ar bhonn bliantúil idir Gaelcholáiste Chiarraí, Coláiste na Sceilge (Aonad Gaeilge) agus Pobalscoil Chorca Dhuibhne ó thaobh tionscnamh cara pinn (Cairde an Pheann) a mbíonn imeacht foghlama agus sóisialta i bhFiontrá mar thoradh air gach bliain.

*Forbairt Ceoil*

**Léargas Ginearálta**

- Bhunaigh BOO Chiarraí Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Chiarraí (KMEP) sa bhliain 2010
- Príomhpháirtithe: BOO Chiarraí (príomhghníomhaireacht), Comhairle Chontae Chiarraí, Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí, Seirbhís Óige Dheoise Chiarraí, Ealaín na Gaeltachta
- Déanann Coiste Stiúrtha KMEP maoirseacht ar Thionscadal Ceoil Píolótach Take Note
- Tá comhordú agus riarachán an tionscadail faoi stiúir BOO Chiarraí
- Acmhainní páirtaimseartha
- Tionscnaimh féin-mhaoinithe
- Tionscnaimh maoinithe ag comhpháirtithe (m.sh. le Comhairle Chontae Chiarraí)
- Tá sé léirithe ag Music Generation go mbeidh Music Generation i gCiarraí sa bhliain 2019.

*Cuspóirí*

- Rochtain ar chláir inacmhainne, il-seánra, teagaisc grúpa a leathnú amach do leanaí agus daoine óga
- Rochtain gheografach ar cheol a leathnú
- Tionscnaimh chóir don óige a fhorbairt agus a leathnú
- Rochtain a chur ar fáil do bhainc uirlisí
- Cur le deiseanna léirithe laistigh de phobail
- Deiseanna fostaíochta, oiliúna agus CPD a fheabhsú do cheoltóirí agus do theagascóirí áitiúla

*An méid atá bainte amach*

- Tionscnamh Gutha agus Uirlisí Tuition i scoileanna
- Teicneolaíocht an Cheoil i gCeardlanna Oideachais
- Cumadóir Cónaithe leis an ealaíontóir Kevin Gleeson
- An Tionscadal Mentorship do Bhannaí Ceoil leis na healaíontóirí Walking on Cars
- An Tionscadal Mentorship do Chóir Óige leis an ealaíontóir Anita Lakner
- Clár Ceol don Óige Kerry Banditz
- Tionscadal Ceoil don Óige KDYS
- Tionscadal Ceoil don Óige sa Ghaeltacht (as Gaeilge)
- Tá sé tugtha le fios ag Music Generation go mbeidh stádas Music Generation á fháil ag Ciarraí sa bhliain 2019

*Na figiúirí atá i gceist*

| | |
|---|---|
| 4 | Meantóir Ealaíne |
| 7 | Réigiún Contae |
| 10 | Tionscnamh Oideachais Ceoil |
| 14 | Teagascóir |
| 40 | Scoil |
| 700 | Leanbh |

*Comhpháirtíocht Cruthaitheachta Áitiúil don Aos Óg*

Roghnaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna, an 13 Nollaig 2018, BOO Chiarraí, i gcomhar leis an iliomad eagraíochtaí cruthaitheachta áitiúla agus an t-aos óg ar cheann de na trí Chomhpháirtíocht Cruthaitheachta Áitiúil píolótach don Aos Óg faoi Chruthaitheacht don Aos Óg, an plean do Philéar 1 de Chlár Éire Chruthaitheach. Tá maoiniú de €100,000 leithdháilte go dtí deireadh na bliana 2019 chun tacú leis an tionscadal píolótach. Ceapfar Comhordaitheoir Cruthaitheachta don Aos Óg i mí Aibreán 2019 chun comhordú a dhéanamh ar an tionscnamh.

## Obair don Aos Óg

"Clár pleanáilte oideachais a dearadh don chuspóir a bheith ag cabhrú agus ag feabhsú fhorbairt phearsanta agus shóisialta na ndaoine óga trína rannpháirtíocht dheonach, agus atá–

(a) comhlántach dá n-oideachas agus oiliúint fhoirmiúil, acadúil nó dá ngairmoideachas agus dá ngairmoiliúint agus

(b) a sholáthraítear go príomha ag eagraíochtaí deonacha oibre óige."

*(An tAcht um Obair don Aos Óg, 2001, Alt 3)*

Cuireann an sainmhíniú i bhfocal go mbeidh obair don aos óg:

- Oideachasúil agus roghnach, struchtúrtha agus córasach
- Ag comhlánú an chórais oideachais fhoirmiúil.

Sa chleachtas, áirítear leis an obair don aos óg, soláthar uilíoch agus spriocdhírithe maidir le hobair don aos óg. Tionscadal Eagraíochtaí Oibre don Aos Óg (oibrithe óga íoctha) Clubanna Óige Eagraíochtaí Oibre don Aos Óg, Grúpaí faoi Éide (Gasóga, Banghasóga) & grúpaí óige (club deonach/ceannairí grúpa).

*Buntáistí na hoibre don aos óg ó thaobh na ndaoine óga*

Seacht meicníocht chumhachtach: scileanna cumarsáide, muinín agus gníomhú, pleanáil agus réiteach fadhbanna, caidrimh, cruthaitheacht agus samhlaíocht, éirim mhothúchánach.

*Tá freagracht reachtúil ar na BOOnna maidir le hobair don aos óg*

An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 (Alt 10):

(1) Is iad feidhmeanna ginearálta boird oideachais agus oiliúna—

- » tacú le soláthar, comhordú, riaradh agus measúnú seirbhísí oibre ógra ina limistéar feidhme agus cibé faisnéis a iarrfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige i ndáil leis an tacaíocht sin a thabhairt, agus
- » measúnú a dhéanamh i dtaobh an amhlaidh go bhfuil an modh ar a gcomhlíonann sé a chuid feidhmeanna barainneach, éifeachtúil agus éifeachtach.

*Feidhmeanna BOOnna na hÉireann maidir le hObair don Aos Óg*

- Foinsí maoinithe agus tionscadail a riaradh, m.sh.
  - » Tionscadail Speisialta chun Cabhrú le Daoine Óga atá faoi Mhíbhuntáiste (tionscadail SPY)
  - » Lárionaid Eolais don Ógra
  - » Cistí Saoráidí agus Seirbhís do Dhaoine Óga 1 & 2
  - » Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúil
  - » Ciste Infhostaitheachta Óige/ Ciste Caipitil Óige (Cineál 1 & 2)
  - » Do thionscadail a fhaigheann maoiniú ón Aonad Gnóthaí Óige a bhfuil foireann íoctha acu
  - » Na Caighdeáin Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta do Ghrúpaí Óige faoi cheannaireacht Oibrithe Deonacha:
  - » Tacú le cur i bhfeidhm na gcaighdeán le grúpaí atá cleamhnaithe le heagraíochtaí náisiúnta

- » Obair fhorbartha, mar shampla:
- » Cuimsiú in obair óige a chur chun cinn
- » (m.sh. leis an earnáil míchumais, grúpaí LGBT, grúpaí tacaíochta don Lucht Siúil)
- » Comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do thionscnaimh agus tionscadail áitiúla don óige
- » Tá ionadaíocht ag BOO Chiarraí ar eagraíochtaí seachtracha, lena n-áirítear:
- » Coiste & Feidhmeannas na Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga
- » Taighde CYPSC agus Grúpaí Oibre Rannpháirtíochta Óige
- » Comhpháirtíocht um Chosc agus Grúpa Stiúrtha um Thacaíocht do Theaghlaigh (TUSLA)
- » An Tascfhórsa Réigiúnach/Áitiúil maidir le Drugaí agus Alcól
- » Grúpa Stiúrtha Chomhairle na nÓg Chiarraí

- Ag tabhairt tacaíochta do thionscnaimh eile
  - » Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Chiarraí/ Comhpháirtíocht Óige Chruthaitheach
  - » Grúpa Straitéiseach Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil

- An Príomhfhoinse maoinithe agus ag tabhairt tuairisce don:
  - » Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
  - » Comhthéacs Beartais:
    - » Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile
    - » An Straitéis Náisiúnta Óige
    - » Luach ar Airgead agus Athbhreithniú Beartais ar Chláir don Aos Óg

**Coiste Oibre don Aos Óg BOO Chiarraí**

- Moltaí a chur faoi bhráid BOO Chiarraí maidir le feidhmíocht a chuid feidhmeanna don aos óg.
- Forbairt a dhéanamh ar phlean oibre don aos óg.
- 12 comhalta, lena n-áirítear BOO, eagraíochtaí óige, an earnáil reachtúil, daoine óga, comhaltaí comhthofa.

**Tosaíochtaí ó thaobh Obair don Aos Óg sa bhliain 2019**

Rialachas agus riarachán airgeadais agus maoirseacht feidhmíochta maidir le sruthanna foinsí maoinithe don aos óg de réir Ciorclán cuí na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige agus próisis mhaoirseachta Comhaontú Seirbhíse BOO.

- Tacaíocht a thabhairt d'fheidhmiú na Straitéise Náisiúnta Óige;
- Léargas ginearálta a choinneáil ar phróifílí daonra óige, soláthar reatha seirbhísí, riachtanais agus deiseanna maidir le forbairt amach anseo;
- An plean oibre don aos óg a thabhairt chun críche;
- Tacaíocht curtha ar fáil do Thionscnaimh Cáilíochta Caighdeáin, lena n-áirítear:
  a. Tacaíocht leanúnach don Chreat um Chaighdeáin Cáilíochta Náisiúnta le KDYS
  b. Comhtháthú déanta ar an Scéim Deontais Clubanna Óige Áitiúla agus ar Chaighdeáin Cáilíochta do Chlubanna agus do Ghrúpaí Deonacha, agus
- Rannpháirtíocht leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA) maidir le foghlaim sárchleachtais do sheachadadh seirbhíse, lena n-áirítear, tacaíocht do chur i bhfeidhm Tionscnamh Infhostaitheachta Óige agus Clár Maoinithe Caipitil don Óige.
- Tá ról ríthábhachtach ag BOO Chiarraí mar struchtúr rialachais meánleibhéil, sa mhórobair ullmhúcháin a theastaíonn an bhliain seo le feidhmiú agus seachadadh rathúil na Scéime Maoinithe Spriocdhírithe don Aos Óg an DCYA TYFS a chinntiú.
- Próifíl ceantair, measúnú riachtanais agus uirlis riachtanais seirbhíse a chomhlánú agus a chur faoi bhráid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA).
- Tá an uirlis seo deartha le cur ar chumas an BOO, ag a bhfuil ról meánleibhéal rialachais acu sa scéim nua, sonraí déimeagrafach agus eolas áitiúil a bhailiú agus a úsáid chun próifíl ceantair a chur ar fáil.
- Déanfaidh an BOO anailís ar riachtanais daoine óga agus breithneoidh an méid freastail atá an soláthar seirbhíse óg atá ar an bhfód ceana féin a dhéanamh ar na riachtanais sin.
- Eiseoidh na BOOnna doiciméid riachtanais seirbhíse ar sheirbhísí/tionscadail atá ag déanamh iarratais ar mhaoiniú trí phróiseas iarratais deontais ó thaobh na ngrúpaí spriocdhírithe agus príomhshaincheisteanna atá ina dtosaíocht. Tá an uirlis ríthábhachtach ó thaobh seirbhísí spriocdhírithe do dhaoine óg a sholáthar ina gceantar feidhme.
- Is é an prionsabal foriomlán gur chóir go mbeadh trédhearcacht agus cuntasacht ann ó thaobh bainistíocht a dhéanamh ar airgead poiblí ag teacht leis an ngeilleagar, le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht.

# Ráiteas ar Sheirbhísí – Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna

Sa bhliain 2018, bheartaigh BOO Chiarraí 10,933 tairbhí ar an iomlán a sholáthar ar fud a sholáthar Breisoideachais agus Oiliúna agus úsáid á bhaint as buiséad beartaithe de €25,529,085. Ba 11,888 an líon iarbhír tairbhithe ag deireadh na bliana 2018.

Sa bhliain 2019, tá sé beartaithe ag BOO Chiarraí 10,377 áit Bhreisoideachais agus Oiliúna (FET) a sholáthar d'fhoghlaimeoirí atá rannpháirteach i thart ar 1,200 cúrsa lánaimseartha, páirtaimseartha agus oíche ar fud na scéime in 24 ionad difriúil le leithdháileadh tosaigh buiséid de €26,770,000 ach le tairiscint deiridh réamh-mheasta de €28,291,910.

Sa bhliain 2018, shínigh BOO Chiarraí Comhaontú Straitéiseach Feidhmíochta (2018 – 2020) le SOLAS. Liostaítear 6 cinn de spriocanna sonracha sa chomhaontú do BOO Chiarraí.

**Sa bhliain 2018, shínigh BOO Chiarraí Comhaontú Straitéiseach Feidhmíochta (2018 – 2020) le SOLAS.**

### Tairbhithe 2018

| Clár | Pleanáilte | Iarbhír |
|---|---|---|
| Oideachas Bunata Aosach | 1,577 | 1,398 |
| 2016+ Printíseacht | 21 | 20 |
| Céim Phrintíseachta 7 | 76 | 114 |
| Printíseacht 2,4,6 | 438 | 432 |
| Nasc-chúrsaí agus bonnchúrsaí | 44 | 43 |
| BTEI | 1,685 | 2,308 |
| Oideachas Pobail | 1,910 | 2,865 |
| Ionaid Oiliúna Pobail | 62 | 73 |
| ESOL | 502 | 409 |
| Oiliúint Oíche | 889 | 837 |
| Uaireanta Comhoibrithe FET | 19 | 13 |
| ITABE | 66 | 53 |
| PLC | 1,701 | 1,608 |
| RPL | 0 | 17 |
| Scileanna don Obair | 80 | 28 |
| Soláthróirí Sainoiliúna | 168 | 205 |
| Oiliúint Scileanna Sonracha | 719 | 588 |
| Oiliúint d'Oiliúnaithe | 440 | 359 |
| Teagasc Deonach Litearthachta | 80 | 66 |
| VTOS | 217 | 219 |
| Ógtheagmháil | 239 | 233 |
| **Iomlán** | **10,933** | **11,888** |

### Tairbhithe 2019 *Réamh-mheasta

| Clár | Pleanáilte |
|---|---|
| Oideachas Bunata Aosach | 1,332 |
| 2016+ Printíseacht | 24 |
| Céim Phrintíseachta 7 | 114 |
| Printíseacht | 455 |
| Nasc-chúrsaí agus bonnchúrsaí | 43 |
| BTEI | 1,885 |
| Oideachas Pobail | 1,901 |
| Ionaid Oiliúna Pobail | 72 |
| ESOL | 403 |
| Oiliúint Oíche | 885 |
| Uaireanta Comhoibrithe FET | 11 |
| ITABE | 48 |
| PLC | 1,602 |
| RPL | 10 |
| Scileanna don Obair | 72 |
| Soláthróirí Sainoiliúna | 184 |
| Oiliúint Scileanna Sonracha | 588 |
| Oiliúint d'Oiliúnaithe | 394 |
| Teagasc Deonach Litearthachta | 60 |
| VTOS | 195 |
| Ógtheagmháil | 221 |
| **Iomlán** | **10,377** |

Nóta: tá an figiúir de 10,377 tairbhí réamh-mheasta do 2019 bunaithe ar an eolas a bhí ar fáil ag an am ar scríobhadh an doiciméad seo.

| Sprioc | Sprioc Náisiúnta Earnála | Cion BOO Chiarraí |
|---|---|---|
| 1. Níos mó foghlaimeoirí ag baint fostaíochta amach ón soláthar a fhreastalaíonn go príomha ar an margadh saothair | 10% thar 3 bliana | 22% thar 3 bliana, arbh ionann é agus 545 foghlaimeoir ag baint fostaíochta amach sa bhliain 2020 |
| 2. Níos mó foghlaimeoirí ag dul ar aghaidh chuig cúrsaí breisoideachais nó ardoideachais ón soláthar a dhíríonn go príomha ar an gcuspóir seo | 10% thar 3 bliana | 15% thar 3 bliana, arbh ionann é agus 1,110 foghlaimeoir ag dul ar aghaidh chuig cúrsaí eile sa bhliain 2020 |
| 3. Ardú sa ráta bronnta teastais ar chúrsaí a dhíríonn go príomha ar fhorbairt scileanna (soghluaisteacht shóisialta) trasnaí | 10% thar 3 bliana | 83% thar 3 bliana, arbh ionann é agus 320 a chríochnaíonn ag fáil teastas sa bhliain 2020 |
| 4. Ardú ar dhaoine fásta atá ag lorga soláthar leibhéal FET ag glacadh páirt in idirghabhálacha foghlama fad saoil | 10% thar 3 bliana | 10% thar 3 bliana, arbh ionann é agus 8,783 foghlaimeoir ag cur tús le cláir LLL sa bhliain 2020 |
| 5. Ardú ar fhoghlaimeoirí atá ag baint cáilíochtaí cuí amach in earnálacha ina bhfuil fás fostaíochta/riachtanais scileanna aitheanta | 10,000 foghlaimeoir in aghaidh na bliana | 477 foghlaimeoir in aghaidh na bliana, ardú de 48% |
| 6. Clárú printísigh agus oiliúnaithe nua sa tréimhse 2017 go 2019 | 30,500 thar 3 bliana | 830 thar 3 bliana, beagnach dúbailt ar an leibhéal reatha soláthair |

## Tosaíochtaí straitéiseacha BOO Chiarraí

Building on the Kerry ETB strategic framework, A cur le creat straitéiseach BOO Chiarraí, tá naoi gcinn de thosaíochtaí croíláir don bhreisoideachas agus oiliúint leagtha amach ag BOO Chiarraí a ndéantar cur síos orthu sna codanna thíos. Díreoidh BOO Chiarraí ar chothabháil agus ar fheabhas a chur ar an soláthar Breisoideachas agus Oiliúna (FET) ar ardchaighdeán atá ann cheana féin d'fhoghlaimeoirí agus go gnólachtaí i gCiarraí. Cuirfear tuilleadh feabhais agus déanfar tuilleadh forbartha ar an soláthar seo thar thréimhse an Chomhaontaithe Feidhmíochta seo leis an méid atá á thairiscint ag an FET a chomhtháthú go hiomlán de réir a chéile le leibhéil iontrála san FET ar fud an tsoláthair iomlán ó neamhdheimhnithe go leibhéal 6 le bealaí chun cinn ar feadh an bhealaigh.

1. Dearadh Eagraíochtúil
2. Comhairle Cáilíochta, Dearbhú Cáilíochta & Forbairt Curaclaim
3. Straitéis Rannpháirtíochta Fostóra
4. Rochtain, Tacaíochtaí agus Dul Chun Cinn
5. Ardchaighdeán Múinteoireachta agus Foghlama
6. Oideachas Nuálach agus Freagraí Oiliúna
7. Leathnú a chur ar Leithdháileadh PLC & ar Fheidhmiú Athbhreithnithe
8. Leathnú a chur ar Chúrsaí Printíseacht agus Oiliúna
9. An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú

### TOSAÍOCHT 1: DEARADH EAGRAÍOCHTÚIL

Aithníonn BOO Chiarraí go ndéantar sársheirbhís a sheachadadh trína chuid acmhainní foirne. Ar mhaithe le sársheirbhís a sheachadadh, ár dtiomantais maidir le beartas náisiúnta a chomhlíonadh agus chun freastal ar na dúshláin spreagúla ó thaobh straitéis náisiúnta an FET a chur i bhfeidhm, tá athbhreithniú déanta ag BOO Chiarraí ar a dhearadh eagraíochtúil agus tá sé beartaithe aige an méid seo a leanas a chur i bhfeidhm:

1. **Dearbhú Cáilíochta & an tAonad Forbartha Curaclaim:** Tá struchtúir nua Rialachais deartha agus curtha i bhfeidhm leis an gComhairle Cáilíochta agus an tAonad QA nua a thógáil san áireamh ag teacht le Treoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta Croíláir Aibreán 2016 agus

Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta Earnáil Oiriúnaithe an QQI do Bhoird Oideachais agus Oiliúna Bealtaine 2017. Déanfaidh an tAonad seo dearadh agus cuirfidh sé ardchaighdeáin i bhfeidhm ar fud soláthar iomlán FET i BOO Chiarraí.

2. **An tAonad Rannpháirtíochta Fostóra:** De réir mar atá titim ag teacht ar an mbeochlár i gCiarraí agus go bhfuil pátrún soiléir obair shéasúrach ag teacht chun, beidh an croípháirt ó thaobh seachadadh i BOO Chiarraí dírithe ar chuideachtaí agus ar a gcuid fostaithe chun tacú le forbairt an fhórsa saothair, tacú le huas-sciliú agus le foghlaim ar feadh an tsaoil.

3. **Forbairt Branda:** chun cur le seasamh an FET go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta, oibreoidh BOO Chiarraí ar fhorbairt branda, ar mhargaíocht, ar chaidreamh poiblí agus ar chumarsáid.

4. **Acmhainn Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta:** leis an leas is fearr a bhaint as deiseanna nua agus chun freastal ar na dúshláin a bhaineann leis an aois dhigiteach déanfar forbairt ar Acmhainn Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta chun tacú le cleachtóirí múinteoireachta agus foghlama chun comhtháthú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nua ar fud ár gcuid clár. Ar chuid den ról a bheidh ag an Aonad Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta (TEL) beidh forbairt a dhéanamh ar ardáin oiriúnach d'fhoghlaim ar líne agus d'fhoghlaim chumaisc.

5. **Sonraí & Taighde:** Tá foireann socraithe suas cheana féin le saineolas taighde a dhéanann rianú ar thorthaí dul chun cinn foghlaimeoirí agus monatóireacht ar an timpeallacht shocheacnamaíoch athraitheach ina bhfuil muid ag feidhmiú inti. Bainfear leas as ról na foirne seo ionas go mbeidh na sonraí eimpíreacha mar phríomhchúiseanna athraithe. Clúdóidh an obair seo réise anailíse tiomnaithe sonraí FARR agus PLSS, déanfar tochailt síos trí shonraí an Staidreamh Daonra i gCeantair Bheaga (SAPS), forbairt dul chun cinn agus meastóireachta Aip BOO Chiarraí le meadrachtaí sonracha do chuimsiú gníomhach, gníomhachtú agus cúrsaí atá dírithe ar dhul chun cinn.

6. **Cúrsaí AE:** Tá fórsa saothair oilte i dteangacha idirnáisiúnta riachtanach i gCiarraí. Cuideoidh feidhm Cúrsaí AE leis an eagraíocht deiseanna d'fhoglaimeoirí a thapú chun leas a bhaint as deiseanna socrúcháin oibre Erasmus thar lear. Breathnóidh sé seo ar dheiseanna foghlama ar feadh an tsaoil don fhoireann trí Léargas agus dhéanfaí pleananna a mheas le múineadh agus foghlaim teanga iasachta a chomhtháthú i gcláir príomhshrutha.

## TOSAÍOCHT 2: AN CHOMHAIRLE CÁILÍOCHTA AGUS DEARBHÚ CÁILÍOCHTA AGUS AN TAONAD FORBARTHA CURACLAIM

Tá Comhairle Cáilíochta an FET freagrach a raon cúrsaí rialachais: ceadú beartais agus nósanna imeachta mar atá molta ag an mBord Rialachais um Dhearbhú Cáilíochta; tograí cláir a mholadh don Phríomhfheidhmeannach; cáipéisíocht cláir a cheadú sula gcuirtear faoi bhráid an fhorais cáiliúcháin iad le bailíochtú a dhéanamh orthu mar a mholann an Bord Cláir; moltaí a dhéanamh maidir le forbairt ghairmiúil na foirne sa chás é a bheith riachtanach nó é a bheith ag teastáil le haghaidh seachadadh feabhsaithe nó le haghaidh forbairt cláir; tuarascálacha a fháil ón mBord Rialachais um Dhearbhú Cáilíochta; agus cáipéisíocht athbhreithniú bliantúil a cheadú sula gcuirtear faoi bhráid an fhorais cáiliúcháin é.

Déanfaidh Comhairle Cáilíochta an FET athbhreithniú ar phleanáil, ar chomhordú, ar cháilíocht, ar fhorbairt agus fheasachán gach gné den bhreisoideachas agus oiliúint atá á gcur ar fáil ag BOO Chiarraí agus tá freagracht foriomlán orthu ó thaobh Dearbhú Cáilíochta na gclár printíseachta 2016+ nua atá á bhforbairt ag BOO Chiarraí. Déanann an Chomhairle Cáilíochta cosaint, cothabháil agus forbairt ar chaighdeán na gclár oideachais agus oiliúna agus ar ghníomhaíochtaí gaolmhara. Agus é sin á dhéanamh aici, tá Comhairle Cáilíochta an FET ag cinntiú, chomh fada agus is indéanta, go bhfuil an taithí chéanna á fháil ag na foghlaimeoirí go léir.

Faigheann Comhairle Cáilíochta an FET tacaíocht ó thaobh a gcuid oibre ón Aonad Dearbhaithe Cáilíochta agus Forbairt Curaclaim, a dhéanann caidrimh idir an bhainistíocht agus an fhoireann agus a chuireann nasc ar fáil idir na torthaí rialachais ag an lárleibhéal agus ag leibhéal rialachais BOO. Baineann an tAonad Dearbhaithe Cáilíochta agus Forbartha Curaclaim úsáid as sonraí cláir cuimsitheach a bhfuil taifeadadh déanta orthu sa PLSS.  Tá ríthábhacht ag baint le caidreamh an Aonaid Dearbhaithe Cáilíochta agus Forbartha Curaclaim le hionaid. Tá béim a chur ar chur leis an tuiscint ó thaobh nósanna imeachta nua a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs chur chuige feabhsúcháin leanúnach. Beidh an tAonad Dearbhaithe Cáilíochta agus Forbartha Curaclaim (tríd an roinn Forbartha Curaclaim), mar phríomhthiománaí ó thaobh raon Cláir nua spriocdhírithe a fhorbairt, go háirithe ó thaobh forbairt a dhéanamh ar Chláir nua Ionad Oiliúna Scileanna Muirí BOO Chiarraí, Printíseacht do Chothabháil Tuirbíní Gaoithe agus Tionscadal Píolótach Maireachtáil Níos Cliste le Gréasáin BSL.

## TOSAÍOCHT 3: STRAITÉIS RANNPHÁIRTÍOCHTA FOSTÓRA

Aithníonn BOO Chiarraí an gá atá le cúrsaí a phleanáil ar bhonn riachtanais cliant agus an mhargaidh saothair agus tábhacht lárnach an phróiseas pleanála gnó a thugann comhairliúchán le fostóirí agus lena gcomhlachtaí ionadaíocha san áireamh. Bíonn rannpháirtíocht fostóra ar siúil i láthair na huaire ar go leor cineál bealaí.  Beidh sé mar ról ag an Aonad nua straitéis a bheartú ionas go dtabharfar faoi rannpháirtíocht fostóra ar mhodh atá níos pleanáilte, níos straitéisí agus níos comhordaithe.

*Cleachtas Reatha Rannpháirtíocht Fostóra*

- Bíonn Oifigigh Údaraithe/Seirbhíse do Ghnó atá ag feidhmiú ón Ionad Oiliúna, rannpháirteach go foirmiúil le fostóirí i gcomhthéacs printíseachta agus clárú fostóra.
- Tá teagmháil le fostóirí mar ghné d’obair na foirne freisin in ionad a dhéanann seachadadh ar chúrsaí, lena n-áirítear gné thaithí oibre/ cleachtas oibre.
- Tá freagracht sannta do chomhalta foirne ainmnithe i gColáiste Breisoideachais Chiarraí (KCFE) ó thaobh rannpháirtíocht fostóra maidir le socrúchán oibre. Tacaíonn ionadaithe tionscal le seachadadh PLC chomh maith le hionchur a sholáthar d’fhorbairt curaclaim.
- Tá BOO Chiarraí rannpháirteach freisin le Fóram Scileanna Réigiúnacha an Iardheiscirt – agus iad ag glacadh páirte in idirphlé struchtúrtha le gníomhaireachtaí fiontraíochta, grúpaí earnála, soláthróirí Ardoideachais

agus le gníomhaireachtaí tacaíochta stát le súil le cúrsaí FET sainoiriúnaithe a chomhaontú.

- Déantar ionadaíocht ar fhostóirí ar Phríomhbhord BOO Chiarraí agus ar fostruchtúir éagsúla eile ar nós na Boird Bhainistíochta seo a leanas: Ionad Oiliúna Boo Chiarraí; Coláiste Breisoideachais Chiarraí; Coláiste Breisoideachais Chiarraí Thuaidh; Bord um Oideachas Aosach nua BOO Chiarraí atá á bhunú d'ionaid FET, VTOS, Ógtheagmháil, na trí chlár páirtaimseartha, (BTEI, Oideachas Pobail agus  Oideachas Bunata Aosach) agus Seirbhís Treoir agus Eolais d'Aosaigh (KAGIS).

- Déantar ionadaíocht ar an tionscal ar an gComhairle Cáilíochta freisin. Comhoibríonn an Chomhairle Cáilíochta agus an tAonad Forbartha Curaclaim freisin le comhlachtaí ionadaíocha, le gnólachtaí agus le fostóirí.

*Comhoibriú Tionscal Nuálach Reatha*

- Téann Ionad Scileanna Digiteacha Náisiúnta BOO Chiarraí in Ionad Oiliúna BOO Chiarraí i gcomhpháirtíocht le Radio Kerry chun Cúrsa Craoltóireachta Raidió a sheachadadh.

- Déanann Ionad Scileanna Digiteacha Náisiúnta BOO Chiarraí óstáil agus reáchtálann roinnt ceardlanna gach bliain don tionscal craoltóireachta agus scannánaíochta trí "Dawn Workshops". Áirítear rannpháirtithe Náisiúnta agus Idirnáisiúnta araon anseo.

- Is é Ionad Scileanna Digiteacha Náisiúnta BOO Chiarraí an t-aon ionad atá creidiúnaithe le hoiliúint a sheachadadh don tionscal bogearraí grádaithe datha iarléiriúcháin Blackmagic Design in Éirinn.

- Tá Transmission Links Ireland ina gcomhpháirtithe i seachadadh Cúrsa Oiliúna Oibrithe Líne Lasnairde BOO Chiarraí.

- Tá os cionn deich gcomhlacht speisialaithe suiteála agus cothabhála Tuirbíní Gaoithe i gcomhpháirtíocht le hOiliúnaithe BOO Chiarraí i gCúrsaí Oiliúna Tuirbíní Gaoithe.

Beidh forbairt fócas córasach ó thaobh díriú ar chomhlachtaí in earnálacha tosaíochta mar thoradh ar an gcur chuige nua Rannpháirtíochta Fostóra. Tá na hearnálacha liostaithe thíos chomh maith le nóta maidir leis an bpríomhghníomhaíocht i ngach réimse sna trí bliana atá amach romhainn.

**Turasóireacht agus Fáilteachas:** Tá BOO Chiarraí rannpháirteach leis an earnáil seo ar go leor bealaí, lena n-áirítear, Comhairle

Cáilíochta nua BOO Chiarraí agus an Cuibhreannas Stiúrtha do Phrintíseacht Commis Chef ar a bhfuil ionadaithe ón IHF (Cónaidhm Óstán na hÉireann), RAI (Cumann Bialanna na hÉireann) agus ar fud na hearnála bia agus fáilteachais. Déanfar tuilleadh forbartha ar ár sraith cláir treoraithe turais leis an Dark Skies Reserve Astronomy Tour Guiding a thabhairt san áireamh. Tá sé beartaithe againn fiosrú a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le clár tacaíochta fostaíochta a fhorbairt ag láithreáin Oidhreachta Chiarraí. Má éiríonn linn déanfaimid forbairt ar chlár Oiliúna Meantóireachta Poist d'fhoireann Oifig na nOibreacha Poiblí atá i gceist. Chun tacú leis an earnáil seo, déanann BOO Chiarraí na cláir oiliúna seo a leanas a sheachadadh freisin: Teagascóir Gníomhaíochta Allamuigh agus Teagascóir Gníomhaíochta Allamuigh Ardleibhéil; Garda Tarrthála Trá agus Teagascóir Surfála. Tá seachadadh á dhéanamh ar na cúrsaí seo a leanas do thaobh an fháilteachais den earnáil: Ullmhúchán Bia agus Cócaireachta; Cócaireacht Ghairmiúil agus Cócaireacht Ghairmiúil Ardleibhéil; Printíseacht Commis Chef. Scileanna Beáir. Scileanna Barista; Déanamh Manglaim; Scileanna Oibre don Fháilteachas, lena n-áirítear, oiliúint don Bhéarla san Áit Oibre. Ba chóir a thabhairt ar aird freisin go dtacaíonn cúrsaí Teiripe Áilleachta le Spánna agus le hÓstáin san earnáil.

**Muirí:** Tá sé ar na bacáin ag BOO Chiarraí Cúrsa Oiliúna nua Innealtóireacht Muirí agus Ionad Barr Feabhais Muirí a fhorbairt. Tá teagmháil déanta le níos mó ná 100 comhlacht san earnáil. Ag glacadh leis gur náisiún oileánda atá ionainn le cabhlach mór iascaigh ag a bhfuil riachtanais seirbhíse, tá tosaíocht tugtha againn don bhearna scileann seo chun déileáil leis a luaithe agus is féidir. Tá míniú breise tugtha ar an ábhar seo sa chuid thíos ar Scileanna Muirí maidir le hIonad Barr Feabhais.

**Maireachtáil Níos Cliste:** Tá BOO Chiarraí ag comhoibriú le tionscadal Gréasáin BSL le scrúdú a dhéanamh ar thionchar ábhair in-athnuaite, stóráil ceallraí agus ar úsáid níos mó a bhaint as leictreachas do théamh agus d'iompar. Is mór-thionscadal i nDaingean Uí Chúis atá i gceist leis seo ina mbainfidh Gréasáin BSL úsáid ar raon teicneolaíochtaí chun seasmhacht i leith na todhchaí sa ghréasán leictreachais a chinntiú a rachaidh chun leasa do thithe cónaithe, feirmeacha agus do ghnólachtaí ar Leithinis Dhaingean Uí Chúis. Déanfaidh BOO Chiarraí samhail do theach cónaithe cliste a fhorbairt as a mbainfear úsáid le huas-sciliú a dhéanamh ar cheirdeanna cáilithe agus ar lucht ceirde chun stóráil fuinneamh in-athnuaite agus gairis dháileacháin a shuiteáil i dtithe cónaithe agus i gcarranna. Tá tuilleadh eolais tugtha ina leith seo thíos.

**Déantúsaíocht agus Innealtóireacht:** Tá forbairt déanta ag BOO Chiarraí ar shraith cúrsaí tionscaltreoraithe speisialaithe do tharchur agus do dháileadh fuinnimh in-athnuaite agus leictreachais. Is iad na cúrsaí seo: Cúrsa Oiliúna do Theicneoirí Cothabhála Tuirbíní Gaoithe; Cúrsa Oiliúna Oibrithe Líne Lasnairde, Cúrsa Oiliúna do Theicneoirí Suiteála Snáithín. Tá sé ar intinn againn an soláthar sa réimse seo a neartú trí sineirge idirdhisciplíneach a chruthú le Tionscadal Maireachtáil Cliste Gréasáin BSL in Iarthar Chiarraí. Tá BOO Chiarraí ag plé le hionadaithe ar fud earnáil cothabhála na dtuirbíní gaoithe trí Chuibhreannas Ghrúpa Stiúrtha nua atá á bhunú le Printíseacht do Theicneoirí Cothabhála Tuirbíní Gaoithe a fhorbairt. Tá rannpháirtíocht BOO Chiarraí i bhFóram Scileanna Réigiúnacha an Iardheiscirt i measc na bpríomhmhodhanna ó thaobh rannpháirtíochta fostóra san earnáil seo. Ar thionscnamh nua beidh tionscadal nua scileanna digiteacha EXPLORE d'oibrithe Déantúsaíochta atá os cionn 35 bliain d'aois. Is ionann é seo agus ciste nuálaíochta nua trí Fhóram Scileanna Réigiúnacha an Iardheiscirt, atá ag an gcéim phíolótach anois ach gur dócha go gcuirfear leis agus go leathnófar amach chuig earnálacha tionscal eile é. Is fiú a thabhairt ar aird freisin go bhfuiltear i mbun fiosraithe ar sholáthar Táthaithe mar fhreagra ar éileamh ó chuideachtaí áitiúla.

**Eolaíochtaí Sláinte:** Tá Campas Eolaíochta Sláinte PLC bunaithe ag BOO Chiarraí mar thoradh ar chomhoibriú leis an HSE, Tithe Altranais, Fisiteiripeoirí agus Fiaclóirí. Bhí comhairliúchán agus rannpháirtíocht fhoirmiúil ar siúl cheana féin le raon seirbhísí sláinte. Féach thíos le tuilleadh mionsonraí a fháil.

**Talmhaíocht:** I gcomhoibriú leis an bpobal feirmeoireachta agus lena gcomhlachtaí ionadaíocha, tá BOO Chiarraí i mbun meas a dhéanamh ar Mhór agus Mhion Dámhachtainí chun cuidiú le cothú a dhéanamh ar an earnáil talmhaíochta áitiúil arbh ionann í agus príomhréimse do ghníomhaíocht gheilleagrach sa chontae. Faoi láthair táthar ag meas an méid seo a leanas le súil le tús a chur le seachadadh i bhfómhar na bliana 2019: Riachtanais na hearnála áitiúil; Curaclam agus Dearbhú Cáilíochta; Bainistíocht Riosca; Suíomh agus cúrsaí oibríochta gaolmhara; costais.

**ICT:** Tá BOO Chiarraí i dteagmháil i láthair na huaire le Forbairt Bogearraí, le Líonra agus Cothabháil IT, le Beochana agus le cuideachtaí ginearálta IT i gCiarraí agus go réigiúnach chun comhairle a fháil maidir le teanga ríomhchlárúcháin agus riachtanais tionscail ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil ár gcuid clár oiriúnach don fheidhm, go dtugtar aghaidh ar bhearnaí agus go bhfuil ár gcéimithe ullmhaithe le dul i mbun oibre. Cuidíonn an próiseas seo freisin le riachtanais cláir nua a aithint agus lena n-ábhar a mheas. Tá sé beartaithe ag BOO Chiarraí seachadadh a dhéanamh ar an dá Phrintíseacht Teicniúil Gairmiúil Comhpháirtithe FIT ICT nua. Tá BOO Chiarraí ar an gcéad BOO le forbairt a dhéanamh ar chomhaontú atá curtha ar bhonn foirmiúil leis an Institiúid Códaithe le seachadadh a dhéanamh ar Dioplóma i bhForbairt Cruach Bogearraí 12 seachtaine atá dírithe ar an tionscal a uas-sciliú agus/nó ar chódóirí a bhfuil taithí acu. Leanfaidh BOO Chiarraí le seachadadh a dhéanamh ar raon cúrsaí ICT páirtaimseartha agus ar chúrsaí bonnleibhéil lánaimseartha araon ar fud a sholáthar.

## TOSAÍOCHT 4: ROCHTAIN, TACAÍOCHTAÍ AGUS DUL CHUN CINN

Tá sé mar príomhsprioc tacú le foghlaimeoirí deiseanna oiliúna agus oideachais a rochtain, a rannpháirtíocht a choimeád suas go mbeidh siad críochnaithe agus cuidiú leo dul chun cinn chuig breisoideachas agus oiliúint, fostaíocht agus/nó forbairt phearsanta/rannpháirtíocht pobail. Is iad na príomhthosaíochtaí:

### *Rochtain*

- Straitéis agus cur chuige comhtháite nua a fhorbairt i leith Treoir FET ar fud BOO Chiarraí.
- Scagthástáil tosaigh foghlaimeora ag an gcéim earcaíochta a stiúradh, as a leanann measúnú agus tacaíochtaí sa litearthacht, uimhearthacht, ESOL agus IT le freagraí mar is cuí.
- Plean DES a chuir i bhfeidhm do Litearthacht agus Uimhearthacht Daoine Fásta (2013)
- Cur leis an soláthar Dianteagasc san Oideachas Bunata Aosach (ITABE)
- Dul i mbun oibre le SOLAS chun creatpholasaí forbartha nua fostaithe a chur i bhfeidhm leis an FET a dhéanamh níos

inrochtana d'fhostaithe ar mhaithe le foghlaim ar feadh an tsaoil.

- Oibriú ar bhacainní cúram leanaí agus ar iompar d'fhoghlaimeoirí i gcomhar leis na Coistí Seirbhíse do Leanaí agus do Dhaoine Óga agus le Local Link Kerry.
- Pleanáil fhoirmiúil, comhtháite FET maidir le pleanáil treorach a neadú mar chuid den phleanáil seirbhísí bliantúla.
- Modhanna rochtana nua a fhorbairt trí nósanna imeachta RPL. Rinneadh forbairt ar an RPL ar mhaithe leis na Cúrsaí do Phrintíseacht Commis Chef agus do chúrsaí Turais Treoraithe. Déanfar leathnú ar bheartais, nósanna imeachta agus próisis RPL leis na cláir go léir a chlúdach.

*Tacaíochtaí*

- Aonaid thacaíochta foghlaimeora i gColáistí PLC a chothabháil agus tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu

- Comhtháthú a dhéanamh ar thacaíochtaí foghlaimeora in Ionad Oiliúna BOO Chiarraí

- Cothabháil agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thacaíochtaí nua litearthachta agus uimhearthachta comhtháite d'Oiliúnaithe agus do Phrintísigh in Ionad Oiliúna BOO Chiarraí.

- Leanúint le tacaíochtaí foghlaimeora ar ardchaighdeán a choimeád ar fud VTOS agus Ógtheagmháil.

- Cur le hiontógáil creidiúnaithe i measc foghlaimeoirí atá sa tóir ar fhorbairt scileanna croíláir

- Leanúint le tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí meabhairshláinte agus do ghrúpaí atá ag teacht chucu féin tar éis andúile

- Seirbhísí Comhairleoireachta agus leighis a neadú ar fud Ionaid FET

- Leanúint le feabhas a chur ar Fhreastal Réasúnta inár gcuid clár go léir.

*Dul Chun Cinn*

- Earcaíocht do Chúrsa FET: Sa bhliain 2019, bunóidh BOO Chiarraí aonad earcaíochta nua do chúrsaí ar bhonn píolótach do Sholáthar FET BOO Chiarraí ina iomláine. Beidh freagracht ar an Aonad seo maidir le cur chun cinn agus margaíocht na gCúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna go léir i gCiarraí agus déanfar bainistíocht san Aonad freisin ar an bpróiseas earcaíochta do chúrsaí lánaimseartha.

- Treoir: Tosaíonn Straitéis Dul Chun Cinn Inmheánach BOO Chiarraí le Treoir san Oideachas Aosach. Tá foghlaimeoirí ionchasacha in ann leas a bhaint as tástáil shíciméadrach le measúnú a dhéanamh ar inspreagadh, ar spéis, ar inniúlacht ó thaobh a gcuid oideachais, oiliúint agus a gconair dul chun cinn ghairme a phleanáil trí KAGIS, Seirbhís Treorach agus Faisnéise d'Aosach Chiarraí.

- Dul Chun Cinn Inmheánach: Cuireann sraith soláthair BOO Chiarraí roghanna ar fáil a thosaíonn le litearthacht, uimhearthacht, ESOL agus oideachas bunúsach, ó leibhéil neamhchreidiúnaithe go Dearbhaithe Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) leibhéil 2 agus 3. Cuireann Ionad Oiliúna BOO Chiarraí líon nasc-chúrsaí agus cúrsaí bonnleibhéil ar fáil atá leagtha amach go sonrach le deis a thabhairt d'fhoghlaimeoirí dul chun cinn go cláir ar leibhéal níos airde agus chuig Printísigh laistigh den Eagraíocht. Is é VTOS an chéad chloch eile ar an bpaidrín ag leibhéil Dearbhaithe Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) 3 agus 4, chomh maith le roghanna ó thaobh na hArdteistiméireachta, a chuireann nasc-chúrsaí riachtanacha ar fáil as a bhféadfadh soláthar PLC nó soláthar Ionad Oiliúna le creidiúnú ag leibhéil 5 agus 6 a theacht ansin chomh maith le líon deiseanna deimhniúcháin saincheaptha tionscal nó dul chun cinn go hArdoideachas. Tá soláthar sainspéise ann freisin. Tá sé seo i réimse ó Oideachas Pobail, Ealaín san Ospidéal agus uaireanta Comhoibrithe FET do dhaoine faoi mhíchumas, go soláthar speisialaithe oiliúna an Líonra Náisiúnta Foghlama chomh

maith le soláthar Ionaid Oideachais Pobail agus Ógtheagmháil do luathfhágálaithe scoile. Tá BOO Chiarraí ag déanamh mionchóireáil ar a chóras i leith atreorú ilmheánach d'iarratasóirí i láthair na huaire a bhféadfadh sé nach bhfreastalódh siad ar na riachtanais incháilitheachta don chúrsa a bhíonn roghnaithe acu.

- Printíseacht: Tá líon cúrsaí Réamh-Phrintíseachta á seachadadh san Innealtóireacht, sa Tógáil agus sna hEalaíona Cócaireachta chun dul ar aghaidh chuig raon cláir Phrintíseachta. Tugann an straitéis seo an deis don fhoghlaimeoir scileanna a fháil i réimsí na printíseachta agus bonnchúrsa a fháil chun tacú le dul chun cinn rathúil lena bheith ina duine/ina dhuine ceirde in Éirinn. Tá sé beartaithe Cúrsaí Réamh-Phrintíseachta eile a fhorbairt.

- Conair Ghairme: Is ionann é seo agus straitéis dul chun cinn idirghníomhaireachta do dhaoine faoi mhíchumas faoi atá faoi choimirce CYPSC (an Coiste Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga) Chiarraí. Is é atá taobh thiar de ná an áit ina bhfuil deiseanna oideachais agus oiliúna do dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil a leagan amach go soiléir. Tá forbairt á dhéanamh ag BOO Chiarraí ar Chlár Oiliúna Nuálach Turas Treoraithe do dhaoine fásta faoi mhíchumas intleachtúil.

- Conair Ghairme Seachtrach: Baineann foghlaimeoirí BOO Chiarraí leas as roghanna dul chun cinn chuig raon Institiúidí Teicneolaíochta agus Ollscoileanna. Tabharfaidh cláir bailí nua go léir BOO Chiarraí achoimre shonrach ar chonair ghairme chuig Ardoideachas. Tá Meabhrán Tuisceana idir BOO Chiarraí agus IT Thrá Lí do Dhul Chun Cinn Ardleibhéil chuig bliain a dó de chláir Céime áirithe. Tá siad seo ar fáil d'fhoghlaimeoirí incháilithe le Mórdhámhachtainí Leibhéal 5 ó chláir áirithe agus ó líon breise de Mhiondhamhachtainí Leibhéal 6. Tá forbairt déanta ar chúrsaí Réamh-ollscoile agus tá siad á seachadadh agus súil le dul chun cinn féideartha a dhéanamh chuig Coláiste Mhuire gan Smál (MIC), Ollscoil Luimnigh (UL), UCC agus chuig Coláiste Oiliúna San Aingeal, Sligeach. Tá fiosrú á dhéanamh ar Dhul Chun Cinn Ardleibhéil ó chúrsaí PLC chuig cláir dara bliana líon ollscoileanna agus Coláistí Teicneolaíochta.

- Ag Rianú Dul Chun Cinn: Déanann BOO Chiarraí suirbhé teileafóin ar bhonn bliantúil le suas le míle foghlaimeoir le rianú a dhéanamh ar a dtorthaí dul chun cinn. Comhlánaítear é seo do chláir lánaimseartha ar bhonn féiltiúil. Is dul chun cinn chuig FET/HET agus chuig fostaíocht na príomhtháscairí. Léiríonn na torthaí, dul chun cinn atá thar a bheith dearfach agus cuireann siad eolas ar fáil d'athbhreithnithe bainistíochta agus pleanála FET.

## TOSAÍOCHT 5: MÚINTEOIREACHT AGUS FOGHLAIM ARDCAIGHDEÁIN

Ár n-acmhainní múinteoireachta agus foghlama a fheabhsú ar bhonn leanúnach agus cultúr feabhsúcháin leanúnach foghlama eagraíochtúil a chur chun cinn ionas go mbeidh muinín ag na páirtithe leasmhara go léir i gcáilíocht agus i dtábhacht ár gcláir. Áireofar ar phríomhghníomhartha:

- Pobail Chleachta a chothabháil agus tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu
- Straitéis TEL a chur i bhfeidhm agus teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú sa mhúinteoireacht agus san fhoghlaim go léir.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar ar bhonn bliantúil
- Tacaíochtaí foghlama a fheabhsú ar fud FET
- Cur le taithí oibre d'fhoghlaimeoirí PLC
- Soláthar fiontraíochta agus deiseanna tionscadal fiontraíocht a chomhtháthú i gcúrsaí éagsúla PLC
- Mionchóireáil a dhéanamh ar ár Spriocanna agus Comhaontuithe Dul Chun Cinn
- Torthaí dul chun cinn d'fhoghlaimeoirí a rianú ar bhonn féiltiúil
- Anailís dhomhain SAP ar shonraí CSO na bliana 2016 a bhaineann leis na deich bpríomhbhaile i gCiarraí a stiúradh
- Straitéis Forbartha Gairmiúil SOLAS a chur i bhfeidhm sa tréimhse atá romhainn
- Le cothabháil a dhéanamh ar mhúinteoireacht agus ar fhoghlaim ar ardchaighdeán beidh leibhéil chuí breise leithdháileadh múinteora á lorg ag BOO Chiarraí le freastal ar an éileamh reatha
- Caighdeánú cúrsaí ar fud go leor samhail seachadta do chúrsaí lánaimseartha agus páirtaimseartha a chur i bhfeidhm trí mhodheolaíocht Cáilíocht Dhearbhaithe.

## TOSAÍOCHT 6: OIDEACHAS NUÁLACH AGUS FREAGRAÍ OILIÚNA

Áireoidh forbairt réitigh agus freagraí nuálacha agus cruthaitheacha i leith riachtanais foghlama agus forbartha foghlaimeoirí fásta i sochaí atá ag athrú, na tionscnaimh seo a leanas:

*Ionad Oiliúna Scileanna Muirí BOO Chiarraí*

Tá an taighde féidearthachta tosaigh don tionscadal seo tugtha chun críche. Léirigh an taighde éileamh a bhí thar a bheith dearfach do shaoráid Innealtóireachta Muirí i gCiarraí.  Léirítear inár dtaighde tionscal go bhfuil 199 cuideachta ann a mheasann go mbeidh ganntanas scileanna ann do dheisiú agus do chothabháil innill bheaga go meánmhéide sna 3 bliana atá romhainn. Déanfaidh BOO Chiarraí forbairt agus seachadadh ar chláir i gCothabháil Inneall Muirí; Tógáil/Deisiú Báid; Innealtóireacht sa Leictreonaic Mhuirí; Innealtóireacht sa Leictreachas Muirí agus san Innealtóireacht Muirí mar fhreagra ar an riachtanas seo. Bainfidh BOO Chiarraí, mar chuid dar dtiomantas don Phlean Gníomhaíochta maidir le Cúrsaí Printíseachta agus Oiliúna in Éirinn a Leathnú, 2016-2020, úsáid as Samhail Náisiúnta Cúrsaí Oiliúna SOLAS le seachadadh a dhéanamh ar Chúrsa Oiliúna Innealtóireachta Muirí mar an chéad chúrsa a chuirfear ar fáil san ionad nua seo. Áireofar ar na príomhghnéithe, Forbairt Scileanna Ceirde a bheidh sainoiriúnaithe do riachtanais an ghnó, le hoiliúint fhoirmiúil lasmuigh den láthair oibre/cóitseáil sa láthair oibre le fostóir chomh maith le Meantóir Ionchuideachta.  Tá an acmhainneacht ag an tionscnamh seo é a athrú go Printíseach. Mairfidh an cúrsa féin ar feadh thart ar 40 seachtain le meascán oiliúna lasmuigh den láthair oibre/sa láthair oibre. Is Teastas City & Guilds Leibhéal 2 i dTógáil Muirí, Córais Innealtóireachta agus Cothabhála (Seirbhís agus Cothabháil Muirí) 2463-02 a bheidh mar dhámhachtain.

*Clár Píolótach atá Seasmhach i leith na Todhchaí: Maireachtáil Chliste i dTionscadal Iarthar Chiarraí. .*

Beidh BOO Chiarraí i gcomhar le Gréasáin BSL, Electric Ireland agus Mol Cruthaitheachta agus Nuálaíochta Dhaingean Uí Chúis, rannpháirteach i dtionscadal nuálach ag an bhfuil an acmhainneacht

athrú a chur ar an mbealach ina bhfuilimid ag maireachtáil agus ag baint úsáide as fuinneamh ag a bhfuil an buntáiste treoirphlean a chruthú le haistriú chuig sochaí ísealcharbóin. Is tionscadal comhoibrithe atá anseo le Transition Dingle 2030 agus le tionscnaimh ESBN Project Dingle. Beidh €4.8m á chaitheamh ag Gréasáin BSL in infheistíocht caipitil agus oibríochta suas go dtí an bhliain 2020, agus tá Daingean Uí Chúis roghnaithe mar láthair phíolótach chun cuidiú le tuiscint a fháil ar an mbealach a mbeidh teicneolaíochtaí forbartha ag idirghníomhú ar an líonra leictreach amach anseo. Tá sé i gceist go bhfreastalóidh na teicneolaíochtaí atá á dtástáil ar dhúshláin an chórais fuinnimh amach anseo, ar nós cuidiú le foinsí cumhachta in-athnuaite breise agus leictriú teasa agus iompar a chur ar fáil, earnálacha lena n-áirítear os cionn 35 faoin gcéad d'astaíochtaí iomlána leo. Beidh BOO Chiarraí bainteach leis an tionscadal seo ar go leor bealaí:

- Déanfaidh BOO Chiarraí forbairt ar raon cúrsaí uas-scileanna do lucht ceirde i réimse na dteicneolaíochtaí cliste/in-athnuaite. Tá sé beartaithe ticéad a bhronnadh ar leictreoirí cáilithe (agus/nó ar fheisteoirí, mar is cuí) nua a bheidh an oiliúint chuí thugtha chun críche acu, a bheidh curtha ar fáil ag Ionad Oiliúna BOO Chiarraí. Ar leithligh, bheadh gá le hoiliúint a dhéanamh i ndáil le trealamh eile a d'fhéadfadh a bheith le suiteáil i bhfoirgnimh, ar nós teaschaidéil, grianphainéil, Méadair Chliste, Príomhscoradán Ceangail Cliste (MCB), srl.

- **Cruthóidh BOO Chiarraí 'teach taispeántais':** ina mbeidh trealamh a bheidh oiriúnach le húsáid d'oiliúint. Ciallóidh sé seo an tsaoráid oiliúna d'Ionad Oiliúna BOO Chiarraí do chúrsaí a bhaineann le Transition Dingle Peninsula 2030 agus ESBN Dingle Project agus le hoiliúint a chur ar na printísigh atá ann i láthair na huaire agus ar dhaoine eile, lena n-áirítear, uas-sciliú lucht ceirde atá ann cheana féin. D'fhéadfadh sé a bheith indéanta cuireadh a thabhairt freisin d'innealtóirí, ailtirí agus lucht gairme eile chuig sraith léachtaí, m.sh. Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) ar dhearadh do thithe amach anseo agus na léachtaí sin a reáchtáil in Ionad Oiliúna BOO Chiarraí le rochtain chuig an teach taispeántais. Eagrófar 'Lá Oscailte' don teach, nuair a bheith sé críochnaithe i bhfómhar na bliana 2018.

- Déanfaidh BOO Chiarraí forbairt ar chlár le hoiliúint a chur ar dhaoine áitiúla mar **Ambasadóirí Gréasáin BSL** le rannpháirtíocht áitiúil agus glacadh le roghanna in-athnuaite a spreagadh sa bhaile agus i ngnólachtaí. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé indéanta roinnt den oiliúint seo a chur ar fáil sa teacht taispeántais, le tacaíocht ó KETB TV agus ó theagascóirí ilmheáin, d'fhéadfadh sé a bheith indéanta freisin roinnt oiliúna ó thaobh na meáin a chur ar fáil do na 'hAmbasadóirí' in Ionad Oiliúna BOO Chiarraí.

- Tá meas a dhéanamh ar **Aonad Taispeána Soghluaiste** chun plé a dhéanamh leis an bpobal agus le míniú do dhaoine cén chuma a bheidh ar aistriú chuig sochaí ísealcharbóin agus cad a bheidh i gceist lena leithéid d'aistriú.

- Beidh **Feithiclí Leictreacha (EVnna)** mar chuid ríthábhachtach don todhchaí iompair agus tá géarghá le cur le suiteáil pointí luchtaithe agus forbairt a dhéanamh go ginearálta ar EVnna. Tá sé beartaithe 100 EV pointe luchtaithe a shuiteáil mar chuid den ESBN Dingle Project. Chomh maith leis an oiliúint suiteála agus cothabhála atá riachtanach don tionscadal, tá BOO Chiarraí i mbun breithnithe air seo freisin i gcomhthéacs na riachtanas oiliúna do mheicneoirí a mbeidh gá leo le seirbhís agus cothabháil a dhéanamh ar na EVnna. Táthar i mbun breithnithe ar fhorbairt a dhéanamh ar churaclam náisiúnta ceadaithe (nó ar a leithéid) agus ar threalamh oiliúna oiriúnach in Ionad Oiliúna BOO Chiarraí.

- Tá BOO Chiarraí i mbun fiosraithe ar fhorbairt a dhéanamh ar Phas (Digiteach) Gairmiúil do dhaoine atá cáilithe go cuí (ag a bhfuil ceird cheana féin), a thugann achoimre ar a n-oiriúnacht tabhairt faoina gníomhaíochtaí/suiteála nua seo.

- Cuirfidh BOO Chiarraí oiliúint ar fáil maidir le suiteáil agus cothabháil leanúnach **giuirléidí cliste** (le monatóireacht a dhéanamh ar ithir agus ar uisce i dtús báire – ach gur dócha go rachaidh siad thar an dá réimse seo) sa bhreis ar Díleá Anaeróbach a shuiteáil agus a chothabháil.

### *Campas Eolaíochtaí Sláinte*

Rinne Coláiste Breisoideachais Chiarraí forbairt ar Champas Eolaíochtaí Sláinte don Bhliain Acadúil 2017/18, chun soláthar speisialta a éascú i gcúrsaí iar-Ardteistiméireachta do na hearnálacha sláinte, eolaíocht na sláinte agus eolaíocht shóisialta ar fud réigiún Chiarraí agus lasmuigh de. Rinneadh athdhearadh agus athchóiriú ar Campas KCFE Lár an Bhaile agus tógadh isteach thart ar 150-200 mac léinn i Meán Fómhair 2018. Clúdóidh na cláir a bheidh á sheachadadh ón gCampas seo sa bhliain 2019, cúrsaí Réamh-Altranais, Cúntóir Fisiteiripe, Cúntóir Altra Fiaclóireachta, Cúntóir Sláinte, Cúntóir Cógaslainne, Seirbhísí Éigeandála, Obair Óige, Cúram Sóisialta, agus tá sé beartaithe sraith breise cláir nua atá dírithe ar shláinte agus ar leigheas a thabhairt isteach amach anseo. Tá sé beartaithe ag KCFE freisin úsáid a bhaint as an tsaoráid le huas-sciliú agus athoiliúint a chur ar fáil bunaithe ar riachtanais áitiúla agus réigiúnacha.

### *Freagraí Nuálacha an Oideachais Pobail ar Riachtanais Cuimsiú Sóisialta*

Sa bhliain 2019 tacóidh Clár Oideachais Pobail BOO Chiarraí leis na tionscnaimh seo a leanas sa bhreis ar an 300 cúrsa eile:

- Tá leathnú déanta ar na Líonraí de ghrúpaí Tacaíochta Athshlánaithe Piarmheantóireachta ar chuir Oideachas Pobail tús leo agus a thug tacaíocht dóibh le ceantar Oileán Chiarraí a thabhairt san áireamh. Is struchtúr pobalbhunaithe atá i Líonra Tacaíochta Athshlánaithe Piarmheantóireachta Chiarraí a thacaíonn le daoine atá ag teacht chucu féin tar éis a bheith ciaptha ag meabhairshláinte le filleadh ar fholláine agus a chuidíonn le daoine sa phobal cothabháil a dhéanamh ar fholláine.

- I gcomhoibriú le cláir eile BOO Chiarraí leanúint ar aghaidh ag cur le pleananna foghlama agus le torthaí dearfacha mar thoradh ar oideachas agus ar oiliúint don Tionscadal Athshlánaithe Andúil TEAM (ar Scáth a Chéile a Mhaireann na Daoine).

- Seachadadh déanta ar thrí chúrsa Abhcóideachta agus Cearta do dhaoine faoi mhíchumas agus dá gcúramóirí mar chuid dar gComhaontú Seirbhíse le Cónaidhm na hÉireann um Míchumas.

- Tacaíocht a thabhairt d'imeacht Gaeilge agus cultúrtha ar na Blascaodaí chomh maith le dhá thionscnamh nua Gaeilge.

- Tacaíocht a thabhairt do scileanna cócaireachta agus do scileanna saoil do dhaoine fásta óga le huathachas.

- Seachadadh a dhéanamh ar dheis do ghrúpa pobail dráma raidió a fhorbairt i gcomhair leis an Ionad Oiliúna.

## TOSAÍOCHT 7: LEATHNÚ AR LEITHDHÁILEADH PLC CHUN FREASTAL AR RIACHTANAS

Go stairiúil, ní raibh leithdháileadh PLC BOO Chiarraí leordhóthanach le freastal ar riachtanais na ndaoine ná ar riachtanais gheilleagair Chiarraí. Tá éileamh láidir agus tá dea-theist ann ó thaobh torthaí dearfacha ó thaobh fostaíochta agus dul chun cinn rathúil chuig Ardoideachas. Léirítear sa suirbhé is déanaí atá againn maidir le Torthaí Foghlama PLC BOO Chiarraí go ndeachaigh os cionn 50.5% ar aghaidh chuig FET nó HET agus go bhfuair 29.3% fostaíocht.  Tá dáileadh neamhchothrom leathan i ndáileadh áiteanna PLC do BOOnna léirithe i Meastóireacht ESRI ar Sholáthar Clár PLC (Eanáir 2018) agus i bhFreagra SOLAS ar Thorthaí na Meastóireachta ar Chlár Náisiúnta Iar-Ardteistiméireachta (PLC) (Samhain 2017) araon. Tá i bhfad níos lú áiteanna ag BOO Chiarraí ná mar atá ag formhór BOOnna agus éilíonn BOO Chiarraí ardú a chuir ar an leithdháileadh bunaithe ar an leibhéal oibre réamhghníomhach go dtí seo a thaobh moltaí SOLAS a chur i bhfeidhm tar éis an Athbhreithnithe:

- Leithdháileadh múinteora do BOO Chiarraí le haghaidh riachtanais PLC do rollachán iarbhír ar Chláir PLC. Mar shampla, sa bhliain 2017/18 ba 746 an rollachán PLC deiridh i gColáiste amháin, cé gurbh ionann agus 626 an leithdháileadh ceadaithe don Choláiste sin a d'fhág easnamh de thart ar 7 coibhéis múinteora lánaimseartha.

- Níl soláthar an PLC i gCill Airne leordhóthanach, an dara baile is mó sa chontae.

- Thug an t-athbhreithniú ar aird gur chóir leithdháileadh PLC a nascadh le ceantair bhochta. Tá SAP mionsonraithe domhain déanta ag BOO Chiarraí (Daonra i gCeantair Bheaga) ar staitisticí Daonáireamh na bliana 2016 leis na ceantair is mó atá faoi mhíbhuntáiste i gCiarraí a fháil amach. Tá Trá Lí Uirbeach, Lios Tuathail agus Oileán Chiarraí ar na ceantair is mó atá faoi mhíbhuntáiste le cohórt suntasach daoine óga/ NEETS (nach bhfuil in oideachas, faoi oiliúint nó fostaithe) sa daonra. Freastalaíonn dhá Choláiste PLC BOO Chiarraí go sonrach ar na ceantair seo (KCFE – Coláiste Breidoideachais Chiarraí agus an NKC – Coláiste Breidoideachais Chiarraí Thuaidh).

- Ar phríomhthéama san athbhreithniú ná go bhfuil go leor spriocanna ag na PLCnna (iontráil dhíreach chuig fostaíocht, dul chun cinn chuig Ardoideachas, dul chun cinn pearsanta/ cuimsiú sóisialta).  Léiríonn an t-athbhreithniú go mbíonn ceann scríbe foghlaimeora faoi thionchar ag ceannaireacht agus ag bainistíocht na hinstitiúide. Dá bhrí sin, beidh an toradh is láidre d'fhoghlaimeoirí sa Choláiste Breisoideachais ag an bhfuil an fócas is airde ar dhul chun cinn. Chun aghaidh a thabhairt ar seo, tá

deighilt déanta ag BOO Chiarraí ar a sholáthar i dtrí phríomhchatagóir, ionas go mbeidh a chuspóir agus chonair forchéimnithe féin ag gach ceann acu; sonrach ó thaobh gairme leis an sprioc go mbeidh foghlaimeoirí ullamh do phoist; réamh-ollscoile, na healaíona agus na daonnachtaí mar bhliain ullmhúcháin agus conair ghairme chuig Breisoideachas; Réamh-Phrintíseach mar bhonnchúrsa dóibh siúd atá ag dul isteach i réimse nua gairmoideachais.

- Mar thoradh ar an straitéis atá luaite thuas, tá cúrsaí PLC BOO Chiarraí atá sonrach ó thaobh gairme níos ailínithe anois leis an margadh saothair agus le cleachtais na háite oibre atá ag teacht chun cinn, go háirithe sna réimsí teicniúla nó rialála. Ó mhí Meán Fómhair na bliana 2019 beidh an fócas ar sholáthar ar a mbeidh fostaíocht breisluacha díreach. Ar shamplaí den na cúrsaí tá Cúntóir Altra Fiaclóireachta; Cúntóir Fisiteiripe. Tá forbairt déanta orthu sin i gcomhairle le fostóirí áitiúla.

- Tá seachadadh á dhéanamh ag BOO Chiarraí ar Dioplóma sna hEalaíona Cócaireachta City & Guilds i rith na bliana agus le linn tréimhse an tsamhraidh, mar chéad chéim i dtreo soláthar solúbtha ar feadh na bliana.

- Tá scrúdú déanta ar thaithí oibre agus rinneadh cleachtas a láidriú le bliain anuas. Leanfar leis sin thar shaolré an plean seo, ar a mbeidh taithí oibre sainordaitheach ar ardchaighdeán do na foghlaimeoirí go léir le linn na bliana acadúla mar thoradh air agus rogha maidir le taithí oibre breise / socrúchán tionscal le linn míonna an tsamhraidh.

- Tá tionscadail fiontraíochta á neadú i soláthar cúrsaí de réir mar is cuí.

- Tá tús curtha ag bainistíocht PLC le rannpháirtíocht straitéiseach fostóra le súil le hionchur a fháil ó fhostóirí sna cúrsaí. Tugtar faoi sin trí aiseolas níos mionsonraithe maidir le taithí oibre foghlaimeoirí agus cé chomh hullmhaithe do phost is atá siad; fostóir ag cur ionchur aoi-léachtóra ar fáil agus cuairteanna staidéir ar ghnólachtaí; ionchur fostóra in athbhreithniú agus forbairt curaclaim; rannpháirtíocht i bpainéil bréagagallamh chun foghlaimeoirí a ullmhú don fhostaíocht.

- Bainfear úsáid as an leithdháileadh breise chun cuidiú le BOO Chiarraí cáilíochtaí ábhartha a sheachadadh i réimsí sonracha áirithe a chuireann go díreach le Sprioc 5 atá laistigh den chomhaontú seo.

## TOSAÍOCHT 8: LEATHNÚ A CHUR AR CHÚRSAÍ OILIÚNA AGUS PRINTÍSEACHTA

Ar cheann d'fheidhmeanna croíláir BOO Chiarraí ná a chinntiú go mbíonn deiseanna ag foghlaimeoirí scileann ábhartha dul chun cinn a fháil le dul chun cinn chuig fostaíocht inbhuanaithe. Faoi bhratach na tosaíochta seo, agus ag cur le spriocanna FET náisiúnta, cuirfidh BOO Chiarraí leathnú ar a Chúrsaí Oiliúna agus Printíseachta sna réimsí seo a leanas:

- Is é BOO Chiarraí an Soláthróir Comhordaithe Náisiúnta do Phrintíseacht Commis Chef agus tá BOO Chiarraí i mbun comhoibrithe i láthair na huaire le hocht gcinn de BOOnna eile maidir le seachadadh agus leathnú na printíseachta. Beidh 140 printíseach cláraithe ar Phrintíseacht Commis Chef le 180 fostóir ar an iomlán cláraithe sa bhliain 2019. Tá dhá leagan ag BOO Chiarraí de Phrintíseacht Commis Chef atá á reáchtáil i gCiarraí i láthair na huaire le saoráidí cistine atá ar ardchaighdeán i dTrá Lí agus sa Neidín.

- Tá Cúrsa Oiliúna Cothabhála Tuirbíní Gaoithe BOO Chiarraí á reáchtáil faoi láthair. Tá forbairt á dhéanamh ar Phrintíseacht do Theicneoirí Cothabhála Tuirbíní Gaoithe agus tá Grúpa Stiúrtha Cuibhreannais tionscaltreoraithe socraithe suas. Tá aighneachtaí do bhailíocht Dearbhú Cáilíochta beartaithe do mhí an Mheithimh 2019 le dáta spriocdhírithe de Mheán Fómhair 2019 mar iontógáil tosaigh do Phrintísigh.

- Mar fhreagra ar riachtanas aitheanta do scileanna Margaíochta agus Díolacháin Dhigiteacha,

tá Cúrsa Oiliúna 48 seachtaine beartaithe ag BOO Chiarraí sa Mhargaíocht agus Díolacháin Dhigiteacha a bheidh á reáchtáil sa bhliain 2019.

- Le hardú ag teacht ar chuideachta déantúsaíochta ardchaighdeáin i gCiarraí tá Cúrsa Oiliúna Dearbhú Cáilíochta á thairiscint ag BOO Chiarraí sa bhliain 2019.

- D'aithin an tionscal an riachtanas le haghaidh Cúrsa Oiliúna Innealtóireachta Muirí in Éirinn agus tá ábhar an chúrsa comhaontaithe leo. Tá sé mar aidhm leis an gCúrsa Oiliúna Innealtóireachta Muirí deis a thabhairt d'fhoghlaimeoirí na scileanna atá riachtanach a fhoghlaim, a fhorbairt agus a chleachtadh chun fostaíocht a fháil agus/nó dul chun cinn gairme a dhéanamh san earnáil cothabhála innealtóireachta muirí agus sa tsaoirseacht bád.

- Tá forbairt á dhéanamh ar Chúrsa Oiliúna do Theagascóir Fóillíochta Tumadóireachta Scúba BOO Chiarraí (as a dtiocfaidh cáilíocht do Thumadóir Scúba Tráchtála) agus a dhéanfaidh comhlánú ar an sraith soláthair atá ann cheana féin a thacaíonn leis an earnáil turasóireachta áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

- Le gairid, d'aistrigh BOO Chiarraí a chúrsa Gruagaireachta SST go Cúrsa Oiliúna Gruagaireachta agus tá BOO Chiarraí ag comhoibriú leis an LCETB ó thaobh forbairt a dhéanamh ar Phrintíseacht Gruagaireachta.

- Tá sraith nua Cúrsaí Oiliúna Meáin City & Guilds curtha i bhfeidhm (Léiriú Craolacháin – Scannán agus Teilifís; Craoladh Raidió agus Léiriúcháin Meáin Dhigiteach). Ba Chúrsaí Oiliúna Scileanna Sonracha a bhí iontu seo roimhe seo agus beidh siad á reáchtáil sa bhliain 2019 mar Chúrsaí Oiliúna iomlána.

- Tá Cúrsa Oiliúna Innealtóir Tacaíochta IT á reáchtáil ag BOO Chiarraí i láthair na huaire agus tá BOO Chiarraí ag comhoibriú le FIT chun Comhphrintíseacht Ghairmiúil ICT a leathadh amach i gCiarraí.

- Tá tuilleadh curtha ag BOO Chiarraí le cumas Céim 2 den Phrintíseacht Leictreachais le saoráid nua do 28 Printíseach ar bhonn bliantúil.

- Cuireadh tús sa bhliain 2018 leis an dara cúrsa Printíseachta Pluiméireachta le soláthar ann do 28 printíseach in aghaidh na bliana.

- Gearradh cloch agus saoirseacht cloiche – déanfaidh BOO Chiarraí seachadadh ar chéimeanna 2, 4 & 6 den phrintíseacht.

- Tá leathadh amach á dhéanamh ag BOO Chiarraí ar fheachtas dul chun cinn sa bhliain 2019 le tuilleadh mná a spreagadh chun glacadh le Printíseacht i gCiarraí.

## TOSAÍOCHT 9: AN TIMPEALLACHT OIBRE AGUS FOGHLAMA A FHEABHSÚ

Deiseanna forbartha agus oiliúna agus saoráidí atá ar fáil don fhoireann a fhorbairt agus a fheabhsú, chun an timpeallacht oibre ina n-oibríonn an fhoireann agus ina mbíonn foghlaimeoirí ag foghlaim inti a fheabhsú. Déanfaimid é sin trí thabhairt faoina gníomhartha seo a leanas:

- Aithneoidh an bhainistíocht ag an leibhéal láir riachtanais tacaíochta agus oiliúna foirne agus freastalóidh ar an mbealach conas uas-sciliú a dhéanamh ar an fhoireann múinteoireachta agus oiliúna ionas go mbeimid sa riocht is fearr chun freagairt do riachtanais an tionscail. Ní mór Forbairt Ghairmiúil a bhogadh ó 'ginearálta' go 'sonrach' go háirithe maidir le tacaíocht a thabhairt do sheachadadh cúrsaí a theastaíonn ón tionscal. Níl riachtanais curaclaim seasta. Ní mór do BOO Chiarraí pleanáil a dhéanamh do sholáthar pacáistí oiliúna don fhoireann – a thabharfaidh aghaidh ar riachtanais an tionscal agus freagróidh don chomhalta foirne aonair (trína mbainisteoir áitiúil) a dteastaíonn oiliúint shonrach uaidh/uaithi.

- Straitéis Forbartha Gairmiúil SOLAS a chur i bhfeidhm

- Straitéis TEL SOLAS a chur i bhfeidhm agus í a chomhtháthú le straitéis ICT BOO Chiarraí

- Foireann le saineolas margaíochta a earcú

- Foireann le saineolas sonrach earnála i bpríomhréimsí a earcú: Fáilteachas & Turasóireacht; Déantúsaíocht & Innealtóireacht; Sláinte & Gairmeacha Comhghaolmhara; Fuinneamh in-athnuaite / teicneolaíochtaí cliste.

- Róil tacaíochta tiomnaithe a chur i bhfeidhm do PLSS agus FARR

- Infheistíocht Chaipitil ar fud Timpeallacht FET le huasghrádú saoráidí atá ann cheana féin agus forbairt saoráidí nua a thabhairt san áireamh.


# *Ráiteas ar Sheirbhísí An Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta (OS&D)*

Is é an Príomhfheidhmeannach atá freagrach as bainistíocht feidhmiúcháin an BOO agus tá tacaíocht á fháil sa ról seo ag an bPríomhfheidhmeannach ó thriúr Stiúrthóir, eadhon:

- Stiúrthóir na Scoileanna, na hÓige agus an Cheoil
- Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna
- Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta

Léiríonn na trí ról Stiúrthóra seo na trí cholún seachadta seirbhísí de chuid an BOO, agus tá údarás sannta go foirmiúil do gach aon duine de na Stiúrthóirí, de réir Alt 16 den Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Léirítear sa chairt eagraíochta ardleibhéil seo a leanas struchtúr foriomlán eagraíochtúil BOO Chiarraí.




Tá ceithre réimse freagrachta ag Tacaíocht agus ag Forbairt Eagraíochta:

- Ceannaireacht ar an fheidhm riaracháin eagraíochtúil ar fud an BOO
- Rialachas agus Bainistíocht seirbhísí BOO
- Pleanáil don fhórsa saothair agus bainistíocht feidhmíochta
- Comhordú ar fhoireann bainistíochta an BOO atá laistigh d'fhreagracht an Stiúrthóra OS&D seo.

Tá Stiúrthóir an OS&D freagrach as struchtúr cuimsitheach riaracháin atá ríthábhachtach le hardchaighdeáin Airgeadais, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise, Breisoideachas agus Oiliúint agus Seirbhísí Riaracháin agus Corparáideacha a chinntiú. Is iad seo a leanas na Rannóga Tacaíochta Riaracháin Chorparáidigh atá lonnaithe i bPríomhoifig an BOO:

- An Rannóg Airgeadais
- An Rannóg Acmhainní Daonna
- An Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide
- An Rannóg Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna
- An Rannóg Tacaíochta Corparáidí agus Forbartha Caipitil

## Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018-2022

In 2018 the Kerry ETB Strategy Statement 2018-22 was launched. The Seoladh Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018-22 sa bhliain 2018. Aithníodh naoi sprioc straitéiseacha sa Ráiteas Straitéise:

1. Cláir Dearbhaithe Cáilíochta a Aithnítear go Náisiúnta agus go hIdirnáisiúnta
2. Ardchaighdeáin Múinteoireachta agus Foghlama
3. Oideachas Nuálach agus Freagraí Oiliúna
4. Rochtain agus Dul Chun Cinn
5. Comhpháirtíochtaí Torthúla a Fhorbairt
6. Caidreamh le Páirtithe Leasmhara
7. Éifeachtúlacht agus Cuntasacht i Rialachas agus Ceannaireacht
8. Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid
9. An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú

Rinneadh forbairt ar theimpléid tuairiscithe feidhmithe do gach ceann de na trí philéar. Tabharfaidh na teimpléid seo an deis don eagraíocht pleanáil, taifeadadh agus foilsiú bliantúil a dhéanamh maidir lenár ndul chun cinn ó thaobh na straitéise a chur i bhfeidhm.

## An Rannóg Airgeadais

Is é atá mar chuspóir ag an fheidhm Airgeadais tacú leis an mBord i mbaint amach, laistigh den bhuiséad, na gcuspóirí atá leagtha amach sa Litir Chinnidh ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus sa Litir Leithdháilte ó SOLAS agus foinsí eile. Is í an Roinn Oideachais agus Scileanna a dhéanann maoiniú go príomha ar BOO Chiarraí lena sholáthar Iar-Bhunscoile a sheachadadh agus déanann SOLAS agus an Roinn Oideachais agus Scileanna maoiniú ar na Cláir Breisoideachais agus Oiliúna.

Tá foilsiú ráitis airgeadais mar shloinn phríomhúil ó thaobh cuntasacht phoiblí do BOO Chiarraí. Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as cuntais BOO a choinneáil agus as ullmhú ráitis airgeadais bhliantúla. Ní mó go mbeidh na ráitis airgeadais ag comhlíonadh na reachtaíochta, na beartais cuntasaíochta atá leagtha síos ag an Aire Oideachais agus Scileanna agus aon treoirlínte ábhartha ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá ceanglas ar BOO Chiarraí ráitis airgeadais a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoin 1 Aibreán 2019. Tá BOO Chiarraí faoi réir ag iniúchadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (IAU-ETB).

Áirítear ar phríomhfheidhmeanna na Rannóige Airgeadais, Iniúchadh Bainistíochta, Soláthar, Bainistíocht Sócmhainní Seasta, Creidiúnaithe, Anailís ar Chaiteachas, Bainistíocht Cisteáin agus Próiseáil Párolla.

## Tosaíochtaí 2019 don Rannóg Airgeadais ag teacht le Spriocanna Straitéiseacha BOO Chiarraí

| Sprioc | Fócas | An méid a bheidh idir lámha againn | Tosaíochtaí 2019/Plean Seirbhíse |
|---|---|---|---|
| **SPRIOC 7**<br>**Éifeachtúlacht agus Cuntasacht i Rialachas agus Ceannaireacht** | A chinntiú go bhfuil tacaíocht éifeachtach á fháil ag ár gcuspóirí straitéiseacha ónár bpróisis bhainistíochta agus riaracháin leis na caighdeáin is airde cuntasachta, comhlíontachta agus trédhearcachta a chinntiú. | 1. Feabhas a chur ar acmhainneacht pleanála acmhainní agus ar bhainistíocht oibríochta ag gach leibhéal den eagraíocht. Bainfimid úsáid as oiliúint, CPD agus as struchtúir eagraíochtúla atá níos cuí.<br>2. Feabhas a chur agus athbhreithniú a dhéanamh ar ár struchtúir agus ar phróisis chun éifeachtúlacht ár n-eagraíocht a fheabhsú agus ar cé chomh maith is a dhéanaimid cumarsáid leis na páirtithe leasmhara go léir. | **Tionscadal Párolla ESBS**<br>• Obair ullmhúcháin chun mapáil sonraí agus sonraí imirce a chríochnú chun ullmhú do thástáil inghlacthachta úsáideora (UAT) faoi rabharta 3 (Ráithe 1 2020).<br>• Córas éilimh ar líne a leathadh amach do Scoileanna agus don Ionad Oiliúna.<br>• Athbhreithniú agus doiciméadú a dhéanamh ar threoirlínte airgeadais.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar rialaithe inmheánacha agus iad a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise riachtanais atá ag athrú agus Ciorclán 0002/2019.<br>**Soláthar:**<br>• Ceapachán Foirmiúil Oifigeach Soláthair<br>• Gníomhartha atá ag seasamh amach i bPlean Soláthar 2018-19 a thabhairt chun críche.<br>• Anailís caiteachas a thabhairt chun críche chun an Plean Soláthar Corparáideach 2020 a fhorbairt.<br>• Aonad soláthar/ceannach atá láraithe don eagraíocht a bhunú.<br>• Leanúint le hoiliúint agus le feasacht ar riachtanais Soláthar a ardú. |

## An Rannóg Acmhainní Daonna

Áirítear ar fheidhmeanna príomha na Rannóige Acmhainní Daonna, feidhmeanna Earcaíochta agus Roghnúcháin, Riarachán Pá, Aoisliúntas, Seirbhísí Fostaíochta, Pleanáil Acmhainní, Bainistiú Tinrimh. Fostaíonn BOO Chiarraí thart ar 1,100 comhalta foirne. Tá na comhaltaí foirne seo fostaithe i láithreacha ar fud an Chontae, (thart ar 32 in Ionaid BOO Chiarraí, os cionn 100 ionad seachtrach agus i gcomhoibriú le hEagraíochtaí eile freisin). Tá comhaltaí foirne fostaithe ar fud 28 catagóir fostaíochta (12 ar an bpárolla míosúil agus 16 ar an bpárolla coicísiúil). Íoctar comhaltaí foirne ar 48 scála pá éagsúla leis an iliomad Téarmaí agus Coinníollacha casta.

## Tosaíochtaí 2019 don Rannóg Acmhainní Daonna ag teacht le Spriocanna Straitéiseacha BOO Chiarraí

| Sprioc | Fócas | An méid a bheidh idir lámha againn | Tosaíochtaí 2019/Plean Seirbhíse |
|---|---|---|---|
| **SPRIOC 5**<br>**Comhpháirtíochtaí Torthúla a Fhorbairt** | Comhpháirtíochtaí nua a fhorbairt agus comhpháirtíochtaí atá ann cheana féin a fheabhsú leis na comhlachtaí ábhartha ag leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta, le cur an méid is fearr is féidir lenár n-acmhainneacht chun freastal ar riachtanais oideachais, oiliúna agus obair don óige i gCiarraí. | 3. Leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhpháirtíocht dhlúth leis na ceardchumainn ábhartha le feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhísí a bhíonn á seachadadh againn. | • Sceideal d'Fhóram Comhchomhairleach comhaontaithe leis na ceardchumainn ábhartha: an TUI, Fórsa SNA, Fórsa Riaracháin<br>• Leanúint le dul i gcomhairle leis na ceardchumainn maidir le Beartais agus Nósanna Imeachta Ábhartha. |
| **SPRIOC 6**<br>**Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara** | Cumarsáid le foghlaimeoirí, an fhoireann, fostóirí, comhpháirtithe, leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí agus soláthróirí eile oideachais le feabhas a chur ar chaighdeán, fócas agus ábharthacht ár seirbhísí | 4. Rannpháirtíocht éifeacht lenár bhfoireann le feabhas a chur ar an gcaighdeán seirbhíse, cur le hinniúlacht agus le hacmhainneacht agus barr feabhais a bhaint amach i mbainistíocht foirne. | • Plean CPD ar fud na Scéime a fhorbairt.<br>• Oiliúint ICT don Fhoireann Riaracháin agus Tacaíochta a leathadh amach bunaithe ar riachtanais scileanna a aithníodh i suirbhé na bliana 2018.<br>• Oiliúint Bhainistíochta do mheánbhainisteoirí agus do bhainisteoirí sinsearacha.<br>• Próiseas Aistrithe BTEI a thabhairt chun críche agus impleachtaí pleanála an fhórsa saothair a bhainistiú go straitéiseach. |
| **SPRIOC 7**<br>**Éifeachtúlacht agus Cuntasacht i Rialachas agus Ceannaireacht** | A chinntiú go bhfuil ár bpróisis bhainistíochta agus riaracháin ag tabhairt tacaíocht éifeachtach dár gcuspóirí straitéiseacha leis na caighdeáin is airde cuntasachta, comhlíontachta agus trédhearcachta a chinntiú. | 5. Ár gcleachtais agus beartais acmhainní daonna a athbhreithniú agus a fheabhsú le freastal ar riachtanais straitéiseacha BOO Chiarraí. | • Córas do Ríomh-Chódú a thabhairt isteach.<br>• Leanúint le conarthaí leictreonacha agus córas éileamh ar líne a leathadh amach don fhoireann páirtaimseartha le Scoileanna agus Ionaid Oiliúna a thabhairt san áireamh.<br>• Tabhairt faoi obair ullmhúcháin riachtanach chun a chinntiú go bhfuil na struchtúir chuí i bhfeidhm ag an BOO chun freastal ar fhreagrachtaí coimeádta Acmhainní Daonna BOO ag tabhairt tacaíochta ag an am céanna d'fheidhmeanna Párolla ESBS amach anseo. |

| Sprioc | Fócas | An méid a bheidh idir lámha againn | Tosaíochtaí 2019/Plean Seirbhíse |
|---|---|---|---|
| **SPRIOC 7**<br>**Éifeachtúlacht agus Cuntasacht i Rialachas agus Ceannaireacht** | A chinntiú go bhfuil ár bpróisis bhainistíochta agus riaracháin ag tabhairt tacaíocht éifeachtach dár gcuspóirí straitéiseacha leis na caighdeáin is airde cuntasachta, comhlíontachta agus trédhearcachta a chinntiú. | 4. Ár n-acmhainneachtaí agus inniúlachtaí ceannaireachta, bainistíochta agus maoirseachta a fhorbairt chun ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. | • Cúrsa bainistíochta saincheaptha do mheánbhainisteoirí.<br>• Oiliúint do chleachtas machnamhach a thabhairt isteach do Bhainisteoirí Sinsearacha. |
| | | 5. Ár n-acmhainneacht do phleanáil acmhainní agus bainistíocht oibríochta ag gach leibhéal den eagraíocht a fheabhsú. Bainfimid úsáid as oiliúint, CPD agus as struchtúir eagraíochtúla atá níos cuí. | • Córas faisnéise bainistíochta néal-bhunaithe a thabhairt isteach do thráthchlár in Ógtheagmháil BOO Chiarraí agus in Ionaid VTOS le comhleanúnachas níos fearr a chinntiú agus le hacmhainneachtaí pleanála don fhórsa saothair a fheabhsú. |
| | | 7. Cultúr feabhsúchán agus cleachtas machnamhach leanúnach a chur chun cinn. | • Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Bheartais agus ar Nósanna Imeachta i gcomhar le Ranna eile le comhlánú a dhéanamh ar na P&P Acmhainní Daonna atá ann cheana féin le soiléireacht róil agus ionchais na foirne agus na bainistíochta a fheabhsú. |
| **SPRIOC 9**<br>**An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú** | Deiseanna oiliúna agus forbartha agus saoráidí atá ar fáil don fhoireann a fhorbairt agus a fheabhsú go leanúnach leis an timpeallacht ina n-oibríonn an fhoireann agus ina bhfoghlaimíonn foghlaimeoirí a fheabhsú. | 1. Barr Feabhais a bhaint amach trí chreidiúnú Daoine ar fud na heagraíochta. | • Build capacity in the organisation Cur le hacmhainneacht san eagraíocht faoi Barr Feabhais trí bhearta do dhaoine, go háirithe: Ceannaireacht agus Bainistíocht Daoine, Córais Foghlama agus Forbartha agus Córais Acmhainní Daonna agus folláine fostaí. |
| | | 2. Leanúint le tacaíocht a thabhairt do scéim leasa na foirne agus tacú le forbairt ghairm bheatha na foirne agus le deiseanna le post a aistriú. | • Leanúint le heolas ar thacaíochtaí leasa foirne atá ar fáil a chur chun cinn.<br>• Oiliúint agallamh a dhéanamh do chomhaltaí boird, lena n-áirítear scileanna a bhaineann le ceisteanna atá bunaithe ar inniúlacht a scríobh. |
| | | 3. Leanúint le forbairt a dhéanamh ar chláir agus ar raon straitéisí coisctheacha agus réamhghníomhacha le feabhas a chur ar mheabhairshláinte dearfacha do mhic léinn, d'fhoghlaimeoirí agus don fhoireann. | • Clár Feabhsúcháin Timpeallacht Dhearfach Oibre a fheidhmiú a ndearnadh forbairt air i gcomhar leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Aithníodh réimsí a bhfuil gá le haird a thabhairt orthu trí Shuirbhé 'Timpeallacht Dhearfach Oibre' sa bhliain 2018. |

## An Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (ICT)

The ICT Department provides infrastructure development and technical support to Kerry ETB Head Office Cuireann an Rannóg ICT forbairt bonneagair agus tacaíocht theicniúil ar fáil do Phríomhoifig BOO Chiarraí agus déanann bainistíocht ar an gconradh do thacaíocht theicniúil do na scoileanna agus do na hionaid FET go léir i BOO Chiarraí. Tugann an Rannóg tacaíocht agus déanann bainistíocht ar chórais faisnéise bhainistíochta BOO Chiarraí. Déanann an Rannóg bainistíocht ar réiteach ríomhphoist d'fhoireann na heagraíochtaí go léir chomh leis an réiteach ríomhphoist ar leithligh don Cheanncheathrú. Ceannaíonn an Rannóg an trealamh ICT go léir don scéim iomlán. Déanann an Rannóg bainistíocht ar bhonneagar cumarsáide mhóibíleach láraithe. Déanann an Rannóg forbairt agus cothabháil ar láithreán gréasáin BOO Chiarraí. Tacaíonn an Rannóg le húsáid feabhsaithe teicneolaíochta i riarachán agus i gcumarsáid ar fud na hEagraíochta.

## Tosaíochtaí 2019 don Rannóg ICT ag teacht le Spriocanna Straitéiseacha BOO Chiarraí

| Sprioc | Fócas | An méid a bheidh idir lámha againn | Tosaíochtaí 2019/Plean Seirbhíse |
|---|---|---|---|
| **SPRIOC 7**<br>**Éifeachtúlacht agus Cuntasacht i Rialachas agus Ceannaireacht** | A chinntiú go bhfuil tacaíocht éifeachtach á fháil ag ár gcuspóirí straitéiseacha ónár bpróisis bhainistíochta agus riaracháin leis na caighdeáin is airde cuntasachta, comhlíontachta agus trédhearcachta a chinntiú. | 8. Feabhas a chur ar ár gcórais bhainistíochta faisnéise le soláthar atá cothrom le dáta, ábhartha agus cruinn a sholáthar ar fud na heagraíochta chun cur le pleanáil, soláthar seirbhíse agus a oireann dár straitéis. | • Leanúint leis na Beartais agus Nósanna Imeachta ICT atá riachtanach a fhorbairt.<br>• Leanúint le dul sa tóir ar na hacmhainní atá ag teastáil le Nósanna Imeachta agus Córais Athshlánaithe ó Thubaiste agus Leanúnachais Gnó a chur i bhfeidhm.<br>• Láithreán Gréasáin nua BOO Chiarraí a sheoladh.<br>• Plean Oiliúna ICT a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le hoiliúint one note agus Comhphointe a thabhairt san áireamh. |
| | | 9. Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcumarsáid inmheánach reatha, beachtú agus forbairt a dhéanamh ar straitéis chumarsáide inmheánach comhleanúnach a chuireann ár spriocanna straitéiseacha in iúl, a dhéanann soiléiriú ar ár spriocanna straitéiseacha, agus a dhéanann soiléiriú ar struchtúir, róil agus freagrachtaí na heagraíochta ag gach leibhéal agus a tharraingíonn aird ar phróiseas déanta cinntí. | • Leanúint le forbairt a dhéanamh ar Bheartas Comhphointe BOO Chiarraí a chur chun cinn mar stór lárnach do Bheartais agus Nósanna Imeachta go léir BOO Chiarraí.<br>• Córais éilimh ar líne a leathadh amach don fhoireann páirtaimseartha i scoileanna, tar éis an chórais don réimse breisoideachais a bheith curtha i bhfeidhm sa bhliain 2018. |

## An Rannóg Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna (FETS)

Is é atá mar aidhm leis an FETS tacaíocht a thabhairt don Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta agus don Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil riarachán feidhmeanna agus acmhainn á mbainistiú go héifeachtach agus ag teacht le ceanglais an Chóid Cleachtais.

Tacaíonn foireann riaracháin FETS le stiúrthóir an FET ó thaobh a chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh "an Chomhaontaithe maidir le Maoiniú" agus le soláthar seirbhíse mar a leagtar amach i Litir Cheadaithe Maoiniú ó SOLAS maidir leis an leithdháileadh maoinithe bliantúil. Tacaíonn Rannóg an FETS le Stiúrthóir an FET ó thaobh ullmhú a dhéanamh ar an Moladh Tairisceana Breisoideachais agus Oiliúna Bliantúil (FAR 4), na hathbhreithnithe airgeadais lár bliana agus Deireadh Fómhair chomh maith le Cuntais Deireadh Bliana de réir Doiciméad Paraiméadair Maoinithe agus Pleanála Uileghabhálacha SOLAS. Déanann Foireann na Rannóige monatóireacht as seasamh buiséadach Ionaid FET le comhlíonadh leis na coinníollacha maoinithe ábhartha a chinntiú.

Cuidíonn FETS le Stiúrthóir OS&D ó thaobh athchóiriú eagraíochtúil a leathadh amach chomh maith le Córais nua IT a chur i bhfeidhm in ionad na bpróisis láimhe atá ann cheana féin. Tacaíonn an Rannóg le Stiúrthóir OS&D le forbairt a dhéanamh ar chórais agus ar nósanna imeachta rialachas chorparáideach a chur i bhfeidhm dé réir Cód Cleachtais atá i gCiorclán 002/2019 do na BOOnna.

Soláthraíonn FETS tacaíocht riaracháin do na Cláir Bhreisoideachais (VTOS, Ógtheagmháil, Oideachas Bunata Aosach, BTEI agus Oideachas Pobail) ar mhaithe le comhlíonadh le Treoirlínte Cláir DES a chinntiú, lena n-áirítear, monatóireacht a dhéanamh ar uaireanta teagaisc cláir. Déantar íocaíochtaí seachtainiúla a phróiseáil d'fhoghlaimeoirí VTOS agus Ógtheagmháil chomh maith le híocaíochtaí seachtainiúla d'Oiliúnóirí faoi chonradh san Ionad Oiliúna.

## Tosaíochtaí 2019 don Rannóg FETS ag teacht le Spriocanna Straitéiseacha BOO Chiarraí

| Sprioc | Fócas | An méid a bheidh idir lámha againn | Tosaíochtaí 2019/Plean Seirbhíse |
|---|---|---|---|
| **SPRIOC 5**<br>**Comhpháirt-íochtaí Torthúla a Fhorbairt** | Comhpháirtíochtaí nua a fhorbairt agus comhpháirtíochtaí atá ann cheana féin a fheabhsú leis na comhlachtaí ábhartha ag leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta le cur an méid is fearr is féidir lenár n-acmhainneacht chun freastal ar riachtanais oideachais, oiliúna agus obair don óige i gCiarraí. | 4. Leanúint le hathbhreithniú agus leasú a dhéanamh ar ár bpróisis, prótacail agus ar nósanna imeachta comhpháirtíochta sa chás gur cuí. | • A chinntiú go bhfuil SLAnna ar chomhad san FET chun tacú le híocaíochtaí don tríú páirtí, m.sh. Cónaidhm na hÉireann um Míchumas (DFI), Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (SHEP), an Ghníomhaireacht Saintacaíochta um Chomhionannas do Dhaoine faoi Mhíchumas (DESSA) |

| Sprioc | Fócas | An méid a bheidh idir lámha againn | Tosaíochtaí 2019/Plean Seirbhíse |
|---|---|---|---|
| **SPRIOC 7**<br>**Éifeachtúlacht agus Cuntasacht i Rialachas agus Ceannaireacht** | A chinntiú go bhfuil tacaíocht éifeachtach á fháil ag ár gcuspóirí straitéiseacha ónár bpróisis bhainistíochta agus riaracháin leis na caighdeáin is airde cuntasachta, comhlíontachta agus trédhearcachta a chinntiú. | 2. Feabhas a chur agus athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir agus ar phróisis chun éifeachtúlacht ár n-eagraíocht a fheabhsú agus ar cé chomh maith is a dhéanaimid cumarsáid leis na páirtithe leasmhara go léir. | • An Córas Ama agus Tinrimh (TACS) atá ag feidhmiú sna hIonaid Oiliúna i láthair na huaire a leathadh amach chuig BOO Chiarraí, Ionaid VTOS & Ógtheagmháil le taifeadadh cruinn tinreamh foghlaimeoirí a chumasú.<br>• Tús a chur ar obair ullmhúcháin chun sonraí foghlaimeoirí a aistriú don Chóras nua Párolla d'Íocaíochtaí Foghlaimeora (LPPS). Beidh ceangal a dhéanamh ag Córas TACS, nuair a leathfar amach é, leis an gCóras nua LPPS. |
| | | 5. Feabhas a chur ar acmhainneacht pleanála acmhainní agus ar bhainistíocht oibríochta ag gach leibhéal den eagraíocht. Bainfimid úsáid as oiliúint, CPD agus as struchtúir eagraíochtúla atá níos cuí | • eanúint le forbairt a dhéanamh ar Chóras Tuairiscithe DCS ar mhaithe le faisnéis a chur ar fáil a thugann le chéile Tuarascálacha páirtaimseartha FE in aon tuarascáil amháin le feabhas a chur ar sholáthar seirbhíse agus leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní cláir. |
| | | 6. Feabhas a chur ar ár gcórais bhainistíochta faisnéise le soláthar atá cothrom le dáta, ábhartha agus cruinn a sholáthar ar fud na heagraíochta chun cur le pleanáil, soláthar seirbhíse agus a oireann dár straitéis. | • Leanfaimid orainn, tar éis leathadh amach rathúil an Chórais DCS PTT ar Líne do na Cláir Páirtaimseartha FE, leis an gcóras do chláir féinmhaoinitheacha atá á seachadadh in Ionaid BOO FET Chiarraí a leathadh amach. |
| | | 8. Cultúr feabhsúchán agus cleachtas machnamhach leanúnach a chur chun cinn. | • Athbhreithniú a dhéanamh ar Threoirlíne an Chláir DES do chláir páirtaimseartha breisoideachais i gcomhar le Paraiméadair Uileghabhálacha SOLAS agus forbairt a dhéanamh ar chomhshraith Treoirlínte do Chlár BTEI sa bhliain 2019.<br>• "Sreabhchairt Cláir" a fhorbairt do chláir oideachais páirtaimseartha a thugann achoimre ar róil agus ar fhreagrachtaí an AEO, Comhordaitheoir Cláir, Bainisteoir Ionaid, Oibrí Acmhainní, Múinteoir/Teagascóir agus Foireann Riaracháin Cheanncheathrú FETS. Nuair a bheidh an tSreabhchairt críochnaithe seolfar ar aghaidh chuig gach múinteoir/teagascóir é chomh maith lena sceideal oibre. Déanfar an tSreabhchairt a fhorbairt don BTEI agus do Chláir Bhreisoideachais Pobail araon sa bhliain 2019. |

| Sprioc | Fócas | An méid a bheidh idir lámha againn | Tosaíochtaí 2019/Plean Seirbhíse |
|---|---|---|---|
| **SPRIOC 8**<br>**Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid** | Margaíocht éifeachtach a dhéanamh ar ár gcuid seirbhísí, ár mbranda a fhorbairt agus na páirtithe leasmhara go léir a chur ar an eolas maidir leis. | a. Iniúchadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar straitéisí agus ar mheicníochtaí cumarsáide agus caidreamh poiblí reatha go léir BOO Chiarraí. | • Comhad Cumarsáide agus Faisnéise a choimeád do Chlár PEIL 2014 -2020 ESF le comhlíonadh le Rialacháin AE a léiriú<br>• A chinntiú go bhfuil na rannpháirtithe ar oibríochtaí cómhaoinithe ar an eolas maidir le tacaíocht ESF agus/nó tacaíocht YEI atá á fháil ag an gclár.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméadacht go léir Chláir ESF, lena n-áirítear Tuarascálacha Tinrimh Foghlaimeora, Teastais, Litreacha Tairisceana, Bróisiúir/ Litríocht, Fógraíocht, Ábhair Cúrsa, srl. lena chinntiú go bhfuil Lógó an ESF orthu go léir agus ráiteas a admhaíonn tacaíocht ESF/YEI, m.sh. "*tá an Oibríocht á cómhaoiniú ag Rialtas na hÉireann agus ag Ciste Sóisialta na hEorpa mar chuid de Chlár ESF um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlama 2014 – 2020" nó d'Oibríochtaí YEI "tá an Oibríocht á cómhaoiniú ag Rialtas na hÉireann agus ag Ciste Sóisialta na hEorpa agus ag Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg mar chuid de Chlár ESF um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlama 2014 – 2020*" |

## An Rannóg Tacaíochta Corparáidí agus Forbartha Caipitil (CS&CD)

Is iad príomhréimsí freagrachta na Rannóige um Thacaíocht Chorparáideach agus Forbairt Caipitil ná Tionscadail Chaipitil, Árachais, Bainistíocht Sócmhainní Seasta, tacaíocht riaracháin do na Coistí BOO um Iniúchadh agus Airgeadas, Saoráil Faisnéise, Cosaint Sonraí, Nochtuithe Cosanta agus Sláinte & Sábháilteacht, Tuarascáil Bhliantúil BOO Chiarraí, Feidhmiú an Chóid Cleachtais nua do Rialachas Boird Oideachais agus Oiliúna – Ciorclán 0002/2019. Tá mar phríomhsprioc ag an Rannóg a chinntiú, laistigh de na hacmhainní a chuirtear ar fáil, go bhfuil gach ceann dár bhfoirgneamh oiriúnach agus go bhfreastalaíonn siad ar riachtanais na seirbhíse áirithe atá á soláthar agus go mbaineann an BOO an leas is fearr is féidir as ár saoráidí.

| Sprioc | Fócas | An méid a bheidh idir lámha againn | Tosaíochtaí 2019/Plean Seirbhíse |
|---|---|---|---|
| **SPRIOC 3**<br>**Freagraí Nuálacha Oideachais agus Oiliúna** | Réitigh agus freagraí nuálacha agus cruthaitheacha a fhorbairt do riachtanais foghlama daoine óga agus daoine fásta i sochaí atá ag athrú. | 3. Ár n-acmhainneachta a fhorbairt le bheith freagrach do dhúshláin sochaí ilchultúrtha. | • Athchumrú Scoile a stiúradh do Shuirbhéanna Ilghnéitheacha de réir mar is cuí. |

| Sprioc | Fócas | An méid a bheidh idir lámha againn | Tosaíochtaí 2019/Plean Seirbhíse |
|---|---|---|---|
| **SPRIOC 7**<br>**Éifeachtúlacht agus Cuntasacht i Rialachas agus Ceannaireacht** | A chinntiú go bhfuil tacaíocht éifeachtach á fháil ag ár gcuspóirí straitéiseacha ónár bpróisis bainistíochta agus riaracháin leis na caighdeáin is airde cuntasachta, comhlíontachta agus trédhearcachta a chinntiú | 10. Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcumarsáid inmheánach reatha, beachtú agus forbairt a dhéanamh ar straitéis chumarsáide inmheánach comhleanúnach a dhéanann soiléiriú ar ár spriocanna straitéiseacha, agus a dhéanann soiléiriú ar struchtúir, róil agus freagrachtaí na heagraíochta ag gach leibhéal agus a tharraingíonn aird ar phróiseas déanta cinntí. | • Leanúint le forbairt a dhéanamh ar Bheartas Comhphointe BOO Chiarraí a chur chun cinn mar stór lárnach do Bheartais agus Nósanna Imeachta go léir BOO Chiarraí.<br>• Plean Feabhsúcháin do chumarsáid inmheánach a chur i bhfeidhm bunaithe ar shuirbhé Cumarsáide a rinneadh ar lá OS&D na gcomhaltaí foirne. |
| | A chinntiú go bhfuil tacaíocht éifeachtach á fháil ag ár gcuspóirí straitéiseacha ónár bpróisis bhainistíochta agus riaracháin leis na caighdeáin is airde cuntasachta, comhlíontachta agus trédhearcachta a chinntiú | 11. Leanúint le comhlíonadh straitéiseach agus cumas rialachais an Bhoird agus na gcoistí gaolmhara a fhorbairt. | Ciorclán 0002/2019, an Chóid Cleachtais nua do Rialachas Boird Oiliúna agus Oideachais a neadú. Lena n-áirítear:<br>• An doiciméadacht atá riachtanach a ullmhú chun tacú le hoibriú an Chóid.<br>• Cleachtais, beartais agus nósanna imeachta a leasú chun freastal ar riachtanais an Chóid nua.<br>• Próiseas Toghchánaíochta a stiúradh do chomhaltaí foirne.<br>• Oiliúint Ionduchtaithe don Bhord nua. |
| **SPRIOC 8**<br>**Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid** | Margaíocht éifeachtach a dhéanamh ar ár seirbhísí, ár mbranda a fhorbairt agus a chur in iúl dár bpáirtithe leasmhara go léir. | 1. Iniúchadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar straitéisí agus meicníochtaí cumarsáide agus caidreamh poiblí reatha go léir BOO Chiarraí | • Athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais reatha agus Beartais agus Nósanna Imeachta a fhorbairt chun tacú le agus soiléireacht a dhéanamh ar Straitéis Chumarsáide na hEagraíochta. |
| | | 2. Feidhm chumarsáide tiomnaithe a bhunú laistigh de BOO Chiarraí le feabhas a chur ar chumarsáid inmheánach agus seachtrach. | • Ról an PRO a neadú tuilleadh. |
| | | 3. Straitéis mhargaíochta agus caidreamh poiblí a fhorbairt do BOO Chiarraí chun fógraíocht, brandáil agus earcú foghlaimeoirí a fheabhsú. | • Doiciméadacht a dhéanamh ar Straitéis Caidreamh Poiblí na heagraíochta agus cumarsáid a dhéanamh maidir leis. |

| Sprioc | Fócas | An méid a bheidh idir lámha againn | Tosaíochtaí 2019/Plean Seirbhíse |
|---|---|---|---|
| **SPRIOC 8**<br>**Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid** | Margaíocht éifeachtach a dhéanamh ar ár seirbhísí, ár mbranda a fhorbairt agus a chur in iúl dár bpáirtithe leasmhara go léir. | 4. Straitéis a fhorbairt chun úsáid níos éifeachtaí a bhaint as teicneolaíocht meáin shóisialta leis an eagraíocht a bhrandáil agus a chur chun cinn. | • Beartas agus Nós Imeachta Meáin Shóisialta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. |
| | | 9. Cur chuige foriomlán cumarsáide inmheánach agus seachtrach a fheabhsú. | • Beartas Cumarsáide BOO Chiarraí a thabhairt chun críche agus a chur i bhfeidhm.<br>• Plean Feabhsaithe Cumarsáide Inmheánach bunaithe ar an suirbhé cumarsáide ar tugadh faoi sa bhliain 2018, a leathadh amach. |

| Sprioc | Fócas | An méid a bheidh idir lámha againn | Tosaíochtaí 2019/Plean Seirbhíse |
|---|---|---|---|
| **SPRIOC 6**<br>**Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara** | Cumarsáid le foghlaimeoirí, an fhoireann, comhpháirtithe, an pobal agus gníomhaireachtaí agus soláthróirí eile oideachais le feabhas a chur ar chaighdeán, fócas agus ábharthacht ár seirbhísí. | 3. Leanúint le meicníochtaí comhairliúcháin atá sainoiriúnaithe agus cuimsitheach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm lenár bpáirtithe leasmhara go léir. | • Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCairt Chustaiméirí agus í a tabhairt cothrom le dáta ag teacht le Cód Cleachtais Chiorclán 02/19<br>• Beartas Cumarsáide a chomhaontú leis na ceardchumainn ábhartha agus é a thabhairt chun críche.<br>• Láithreán gréasáin nua BOO Chiarraí a thabhairt chun críche agus a sheoladh<br>• Fóram Comhchomhairleach. |
| | | 5. Leanúint le húsáid a bhaint as aiseolas ó pháirtithe leasmhara le heolas a chur ar fáil maidir leis na cineálacha seirbhísí a chuirimid ar fáil agus na soláthairtí reatha a fheabhsú. | • Aiseolas ó Lá na gComhaltaí Foirne OS&D na bliana 2018 le Plean Cumarsáide a chur le chéile. |

## Clár Caipitil/Foirgnimh BOO Chiarraí

Áirítear i gclár caipitil/foirgnimh BOO Chiarraí raon suntasach mórthionscadail agus miontionscadail. Leanfaidh BOO Chiarraí ar aghaidh le hathbhreithniú a dhéanamh ar fhoirgnimh atá ann cheana féin a dteastaíonn feabhsúcháin a dhéanamh orthu agus tá na hacmhainní atá riachtanach á lorg ag BOO Chiarraí leis an méid sin a bhaint amach.

| Sprioc | Fócas | An méid a bheidh idir lámha againn | Tosaíochtaí 2019/Plean Seirbhíse |
|---|---|---|---|
| **SPRIOC 2**<br>**Ardchaighdeán Múinteoireachta agus Foghlama** | Leanúint ar aghaidh ag cur feabhas de shíor ar ár n-acmhainneachtaí múinteoireachta agus foghlama agus le cultúr leanúnach feabhsúcháin agus foghlaim eagraíochtúil a chur chun cinn ionas go mbeidh muinín ag na páirtithe leasmhara go léir i gcaighdeán agus in ábharthacht ár gclár agus ár gcúrsaí. | 9. A chinntiú gur féidir le mic léinn agus foghlaimeoirí go léir BOO Chiarraí, foghlaim i dtimpeallacht nua-aimseartha foghlama atá sábháilte. | Mórthionscadail foirgnimh atá le cur chun cinn:<br>• Foirgneamh Scoile don Ghaelcholáiste Nua<br>• Cóiríocht do Scoil Lios Tuathail<br>• Tá an síneadh le Coláiste Ghleann Lí críochnaithe |
| **SPRIOC 5**<br>**Comhpháirt-íochtaí Torthúla a Fhorbairt** | Forbairt a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí nua agus feabhas a chur ar chomhpháirtíochtaí atá ann cheana féin leis na comhlachtaí ábhartha ag leibhéal pobail, áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta le cur an méid is fearr is féidir lenár n-acmhainneacht chun freastal ar riachtanais oideachais, oiliúna agus obair óige i gCiarraí. | 2. Leanúint ar aghaidh ag feidhmiú i ndlúthchomh-pháirtíocht leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, agus Roinn Coimirce Sóisialaí,TUSLA, SOLAS, QQI agus ETBI. | Tionscadail Foirgnimh atá aistrithe ón Roinn Oideachais agus Scileanna le cur chun cinn:<br>• Scoil Náisiúnta Lios Teilic.<br>• Síneadh a chur ar Scoil Náisiúnta Naomh Oilibhéar. |
| **SPRIOC 9**<br>**An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú** | Leanúint ar aghaidh le forbairt agus feabhas a chur ar dheiseanna oiliúna agus foghlama agus ar shaoráidí atá ar fáil don fhoireann, le feabhas a chur ar an timpeallacht ina bhfuil an fhoireann ag oibriú inti agus ina bhfuil foghlaimeoirí ag foghlaim inti. | 8. A chinntiú, laistigh den na hacmhainní atá ar fáil, go bhfuil gach aon cheann dár gcuid foirgneamh cuí do riachtanais na seirbhísí atá á gcur ar fáil. | Forbairt a dhéanamh ar Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Chill Airne le feabhas a chur ar thimpeallacht oibre don fhoireann agus don na foghlaimeoirí atá ann agus le feabhas a chur ar chumas na heagraíochta le seachadadh a dhéanamh sa cheantar. |
| | | 9. Cur an méid is fearr is féidir agus feabhas a chur ar úsáid ár saoráidí agus tabhairt faoi iniúchtaí rialta sláinte agus sábháilteachta le cur an méid is fearr is féidir leis an gcaighdeán oibre agus leis an timpeallacht foghlama. | Leanúint ar aghaidh le forbairt agus le feidhmiú Iniúchtaí Sláinte agus Sábháilteachta agus Beartais agus Nósanna Imeachta Forbartha agus Oiliúna. |

## Córais ICT

Tá sé tugtha le fios ag Coistí Iniúchóireachta agus Airgeadais BOO Chiarraí go bhfuil easpa Córais Chearta ICT-bhunaithe um Bhainistíocht Faisnéise do Bhainistíocht Acmhainní Daonna ina laige mór.

## Tuarascáil Bhliantúil

Ceanglaíonn Alt 28 ar an BOO Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú maidir le feidhmíocht a chuid feidhmeanna don bhliain roimhe. Foilseofar Tuarascáil Bhliantúil 2018 BOO Chiarraí ag tráth nach deireanaí nach aon mhí amháin tar éis den Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na ráitis airgeadais a thabhairt chun críche agus roimh dheireadh mhí an Mheithimh (cibé acu is túisce).

## Tacú le agus Bord BOO a éascú

Tá an Bord comhfhreagrach as rathúlacht an BOO a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí an BOO a stiúradh agus a rialú. Tá feidhmeanna forchoimeádta na mBord leagtha amach in Alt 12 den Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Tá an Bord comhfhreagrach as a chinntiú go bhfuil córas leordhóthanach agus cuí rialuithe inmheánacha curtha i bhfeidhm ag an bPríomhfheidhmeannach, lena n-áirítear bainistíocht riosca. Tá tacaíocht á fháil ag obair an Bhoird ó líon Choistí agus ón mBord Bainistíochta Scoileanna/Ionaid Aonair. Is iad na Coistí Iniúchóireachta agus Airgeadais na Príomhchoistí (Alt 45).

Déanann an Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais & Oiliúna (Ciorclán 0002/2019) foráil do chreat chun dea-chleachtas a chur i bhfeidhm sa Rialachas Corparáideach sna BOOnna agus déanann foráil freisin do Théarmaí Tagartha do na Coistí Iniúchóireachta agus Airgeadais araon. Tá na BOOnna cumasaithe de réir Alt 44 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, le coistí a bhunú le feidhmeanna a fheidhmiú thar a cheann nó le comhairle a chur ar an mBord maidir le feidhmiú a chuid feidhmeanna.

## An Coiste Iniúchóireachta:

Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca bunaithe de réir Alt 45 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tugann an Coiste tacaíocht don Bhord ó thaobh a chuid freagrachtaí maidir le rialú inmheánach atá comhdhéanta do rialachas corparáideach, bainistíocht riosca, rialúcháin iniúchoireachta inmheánaí agus airgeadais/neamhairgeadais agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht dearbhaithe ó thaobh freastal ar riachtanais dearbhuithe an Bhoird agus ar athbhreithniú iontaofachta agus ionracais na ndearbhuithe sin.

## An Coiste Airgeadais

Tá feidhm faoi leith ag an gCoiste Airgeadais ó thaobh tacú leis an mBord maidir le cúrsaí airgeadais, lena n-áirítear, cuntais a choimeád, glacadh le plean seirbhíse bliantúil trí iniúchadh a dhéanamh agus tuairisciú don Bhord maidir le cúrsaí airgid.

# Gluais

| Téarma | Sainmhíniú |
|---|---|
| BBTEI | An Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas |
| CE | An Príomhfheidhmeannach |
| CoPs | Pobail Chleachtais |
| CPD | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| CTC | Ionad Oiliúna Pobail (Trá Lí) |
| DCYA | An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige |
| DoES | An Roinn Oiliúna agus Scileanna |
| DPER | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| DSEL | Forbairt Scoileanna Saibhriú Foghlama |
| ESOL | Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile |
| FARR | Córas um Iarratais agus Tuairisciú Leithdháileacháin Maoinithe/SOLAS |
| FET | Breisoideachas agus Oiliúint |
| FETCH | Mol Cúrsaí Breisoideachais & Oiliúna |
| HE | Ardoideachas (mic léinn) |
| ICT | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| ITABE | Dianteagasc in Oideachas Bunata Aosach |
| JCT | Foireann Scoileanna na Sraithe Sóisearaí |
| KMEP | Comhpháirtíocht Oideachas Ceoil Chiarraí |
| LACP | Plean Áitiúil Geilleagrach agus Pobail Chiarraí |
| LAOS | Ag Féachaint ar ár Scoileanna |
| NBSS | An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta |
| NFQ | An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí |
| NQSF | Na Caighdeáin Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta (d'Obair Óige) |
| PDST | An Fhoireann Tacaíochta um Fhorbairt Ghairmiúil |
| PLC | Iar-Ardteistiméireacht |
| PLSS | An Córas Tacaíochta Cláir agus Foghlaimeora |
| QQI | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann |
| SEN | Riachtanais Oideachais Speisialta |
| SESS | Seirbhís Tacaíochta Oideachais Speisialta |
| SHEP | Clár Sóisialta agus Oideachais Sláinte |
| SNA | Cúntóir Riachtanais Speisialta |
| SPY | Tionscadail Speisialta chun Cabhrú le Daoine Óga faoi Mhíbhuntáiste (tionscadail SPY) |
| STEAM | Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, na hEalaíona agus Matamaitic |
| VTOS | Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais |
| WSE MLL | Meastóireacht ar an Scoil Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim |

# *Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí*
# *Fáltais agus Caiteachas Réamh-mheasta*

| | An Bhliain dar Críoch 31/12/2019 | An Bhliain dar Críoch 31/12/2018 |
|---|---|---|
| **FÁLTAIS** | € | € |
| Deontais Scoileanna agus Príomhoifi | 27,868,288 | 27,154,598 |
| Deontais Bunscoileanna | 20,120 | 20,120 |
| Deontais Breisoideachais agus Oiliúna | 28,291,910 | 27,699,213 |
| Deontais i leith Seirbhísí Tacaíocht do Mhic Léinn | 2,292 | 5,310 |
| Deontais i leith Seirbhísí Óige | 529,882 | 340,527 |
| Gníomhaireachtaí & Tionscadail Féinmhaoinithe | 3,275,000 | 2,745,419 |
| Caipiteal | 3,819,465 | 1,354,426 |
| | 63,806,957 | 59,319,613 |
| **ÍOCAÍOCHTAÍ** | | |
| Scoileanna & Príomhoifig | 27,868,288 | 26,847,953 |
| Bunscoil | 40,000 | 43,021 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | 28,291,910 | 28,112,082 |
| Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn | 2,292 | 1,905 |
| Seirbhís Óige | 529,882 | 343,992 |
| Gníomhaireachtaí & Tionscadail Féinmhaoinithe | 3,275,000 | 3,251,960 |
| Caipiteal | 3,169,465 | 2,161,968 |
| | 63,176,837 | 60,762,881 |
| **Farasbarr / (Easnamh) Airgid don Tréimhse** | **630,120** | **(1,443,268)** |

# *Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí*
# *Íocaíochtaí Scoile agus Príomhoifige*

| | An Bhliain dar Críoch 31/12/2019 | An Bhliain dar Críoch 31/12/2018 |
|---|---|---|
| **Íocaíochtaí Scoile & Príomhoifige** | **Iomlán** | |
| **Pá** | € | € |
| Teagasc | 22,295,494 | 21,498,615 |
| Riarachán | 2,389,753 | 2,206,133 |
| Cothabháil | 641,141 | 576,739 |
| | 25,326,388 | 24,281,487 |
| **NEAMHPHÁ** | | |
| Riarachán | 750,000 | 787,874 |
| Cothabháil | 825,000 | 843,079 |
| Teagasc | 95,000 | 98,871 |
| | 1,670,000 | 1,729,824 |
| **CLÁIR GHAOLMHARA** | | |
| An Ciste Tacaíochta do Sheirbhísí Scoile | 309,636 | 259,522 |
| Clár Críochnaithe Scolaíochta | 165,000 | 159,836 |
| Deontas DEIS & Teagmhálaithe Baile agus Scoile | 71,178 | 77,533 |
| Maoirseacht Scrúduithe | 78,000 | 74,871 |
| Deontas Leabhar | 77,712 | 95,591 |
| Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh | 12,840 | 18,348 |
| An Idirbhliain | 21,185 | 26,714 |
| An Ardteistiméireacht Fheidhmeach (Per Capita) | 6,795 | 7,194 |
| Caipitíocht don Lucht Siúil | 12,261 | 6,037 |
| Deontas do Ranganna Speisialta | 573 | 3,615 |
| Fisic, Ceimic, agus Eolaíocht | 5,720 | 11,244 |
| Bonneagar ICT | 96,000 | 87,896 |
| Deontas ceadaithe ag DES do threalamh riachtanais speisialta | 15,000 | 7,402 |
| Tionscnamh Pleanála le haghaidh Forbairt Scoile | - | 839 |
| | 871,900 | 836,642 |
| **Bunscoil** | 40,000 | 43,021 |
| | **27,908,288** | **26,890,974** |

# *Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí*
# *Íocaíochtaí Breisoideachais agus Oiliúna*

| ÍOCAÍOCHTAÍ BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA | An Bhliain dar Críoch 31/12/2019 Iomlán | An Bhliain dar Críoch 31/12/2018 Iomlán |
|---|---|---|
| **BREISOIDEACHAS** | € | € |
| VTOS | 2,496,759 | 2,671,655 |
| Ógtheagmháil | 2,466,241 | 2,415,735 |
| An Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas | 707,400 | 718,329 |
| Litearthacht Aosach | 697,433 | 758676 |
| Oideachas Pobail | 316,642 | 278,703 |
| An tSeirbhís Gairmthreorach um Oideachas | 204,428 | 255,069 |
| Tionscnamh Riachtanas Speisialta Ógtheagmháil (lena n-áirítear le Ogtheagmháil in 2019) | – | 58,500 |
| Caipitíocht PLC | 72,580 | 92,163 |
| Cíos PLC | 100,000 | – |
| Measúnú QQI Curtha le Chéile go hÁitiúi | 92,444 | 95,444 |
| Clár do Dhídeanaithe Aosacha (Deireadh curtha leis an gClár in 2019) | – | 10,285 |
| Dianteagasc | 37,500 | 12,571 |
| Litearthacht Teaghlaigh DEIS | 17,600 | 5,013 |
| Treoirchomhairleoireacht & Seirbhísí Síceolaíochta | 26,000 | 30,660 |
| Oidhreacht/Tacaíocht Riaracháin SOLAS ONP/FET | 2,282,295 | 2,178,674 |
| Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna | 859,826 | 906,266 |
| Dearbhú Cáilíochta & Aonad Curaclaim (Nua in 2019) | 532,334 | – |
| Scileanna don Obair (arna mhaoiniú ag SOLAS in 2019) | 25,000 | – |
| ESOL | 85,000 | 85,873 |
| | 11,019,482 | 10,573,616 |
| **OILIÚINT** | | |
| Soláthróirí Oiliúna Speisialaithe (STP) | 2,750,000 | 2,820,949 |
| Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla | 150,000 | – |
| Nasc-chúrsaí, Bonnchúrsaí agus Scileanna Oiliúna | 3,330,000 | 3,725,335 |
| Ionaid Oiliúna Pobail | 831,000 | 826,311 |
| Foireann agus Oibríochtaí TC | 2,871,428 | 3,538,789 |
| Cúrsaí Oiliúna | 2,195,000 | 1,888,977 |
| Printíseacht | 3,945,000 | 3,443,594 |
| Costais Oibríochta | 930,000 | 993,641 |
| Cúrsaí Oíche | 270,000 | 21,041 |
| Foghlaim ar Líne/Foghlaim Chumaisc/Leabharlanna | – | 3,990 |
| Printíseach APA 2016+ | – | 275,838 |
| | 17,272,428 | 17,538,466 |
| **Total** | **28,291,910** | **28,112,082** |

# *Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí*

| | | |
|---|---|---|
| **ÍOCAÍOCHTAÍ I LEITH SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DO MHIC LÉINN** | | |
| Deontais agus Scoláireachtaí | 2,292 | 1,905 |
| | **2,292** | **1,905** |
| **ÍOCAÍOCHTAÍ I LEITH SEIRBHÍSÍ ÓIGE** | | |
| Deontas i leith Daoine Óga faoi Mhíbhuntáiste (Deontas SPY) | | 189,016 |
| An tAcht um Obair don Aos Óg (Plean Forbartha d'Obair don Óige) | | 112,700 |
| Deontas i leith Clubanna Óige (An Rannóg Spóirt) | | 42,277 |
| | **529,882** | **343,993** |

# Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí
# Clár Caipitil – Fáltais agus Íocaíochtaí

| | CAIPITEAL | | An Bhliain dar críoch 31/12/2019 Iomlán | An Bhliain dar críoch 31/12/2018 Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **Fáltais** | | € | € |
| | An Roinn Oideachais agus Scileanna | | 3,569,465 | 958,407 |
| | SOLAS | | 250,000 | 304,969 |
| | Eile | | | 91,050 |
| | | | 3,819,465 | 1,354,426 |
| | **Íocaíochtaí** | | | |
| 1 | Ionad Oideachais Allamuigh Cheapaigh na Lao | Forbairt Ionaid | – | 43,898 |
| 2 | Coláiste Pobail Oileán Chiarraí | Athchóiriú an tSeomra Eolaíochta | 11,356 | 140,378 |
| 3 | Coláiste Pobail Oileán Chiarraí | Clár Caipitil Spórt | – | 56,050 |
| 4 | Scoil Chuimsitheach an Tóchair | Trealamh don Seomra Innnealtóireachta | 3,863 | 78,192 |
| 5 | Scoil Chuimsitheach an Tóchair | Díon - EWS | – | 689 |
| 6 | Coláiste Gleann Lí | Tionscadal Scartha/SNU/EWS | 320,000 | 956,457 |
| 7 | Coláiste na Ríochta | SWS 2017 Céim 2 - Coire | – | 81,446 |
| 8 | Coláiste na Ríochta | Oibreacha Rochtana do Chách | – | 55,100 |
| 9 | Coláiste na Ríochta | Foirgneamh Réamhdhéanta | 31,814 | – |
| 10 | Coláiste na Ríochta | Umar Uisce | 26,000 | – |
| 11 | Coláiste na Sceilge | EWS 2017 - Teas | – | 43,380 |
| 12 | Coláiste na Sceilge | Aerú | 79,000 | – |
| 13 | Aighneacht FET | Tionscadail Chaipitiúla | 250,000 | – |
| 14 | Gaelcholáiste Chiarraí | Tionscadal Oibreacha Éigeandála (Díon) | 290,000 | 1,907 |
| 15 | Gaelcholáiste Chiarraí (Scoil Nua) | Tionscadal do Scoil Nua | 1,226,339 | 271,740 |
| 16 | Coláiste Breisoideachais Chiarraí | Athchóiriú – Saotharlann Eolaíochta | – | 59,734 |
| 17 | Coláiste Breisoideachais Chiarraí | Campas Nua a Shuiteáil | – | 20,775 |
| 18 | Ionad Oiliúna BOO Chiarraí | Tionscadail Éagsúla | – | 98,432 |
| 19 | Coláiste Pobail Chill Airne | Cóiríocht Bhreise | – | 59,569 |
| 20 | Coláiste Pobail Chill Airne | EWS 2017 - Díon | 28,000 | 53,149 |
| 21 | Coláiste Pobail Chill Airne | Aonad Riachtanais Speisialta | 500,000 | 2,921 |
| 22 | Coláiste Pobail Chill Orglan | SWS 2017 Céim 2 - Coire | 2,093 | – |
| 23 | Scoil Náisiúnta Lios Teilic | Tionscadal do Scoil Nua | – | 2,501 |
| 24 | PLC | Caipiteal ICT | – | 26,058 |
| 25 | Pobalscoil Náisiúnta an Dá Mhíle | Athchóiriú | 251,000 | – |
| 26 | Scoileanna Éagsúla | Scéim Oibreacha Samhraidh 2014 | – | 488 |
| 27 | Scoileanna Éagsúla | Scéim Oibreacha Samhraidh 2016 | – | 19,057 |
| 28 | Cláir Ógtheagmháil | Trealamh Caipitil | – | 55,040 |
| 29 | Obair don Aos Óg | Scéim Maoinithe Caipitil | – | 35,000 |
| | | | **3,169,465** | **2,161,961** |

BORD OIDEACHAIS
AGUS OILIÚNA CHIARRAÍ

KERRY EDUCATION
AND TRAINING BOARD